# Tuarascáil Bhliantúil 2017

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus
Comhionannas, 16–22 Sráid na Faiche, Baile Átha Cliath 7,
D07 CR20

Arna fhoilsiú ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an
Duine agus Comhionannas, Meitheamh 2018

ISBN: 978-0-9957296-3-6

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2017

Coimisiún na hÉireann um Chearta
an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

**Arna fhoilsiú den chéad uair i mí an Mheithimh 2018**
**ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas**
**16–22 Sráid na Faiche, Baile Átha Cliath 7, D07 CR20.**

Cóipcheart © Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, Meitheamh 2018 Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) faoi reacht ar an 1 Samhain 2014 chun cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn, chun cultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn, chun tuiscint agus feasacht ar thábhacht chearta an duine agus an chomhionannais a chur chun cinn, agus chun oibriú i dtreo mí-úsáidí chearta an duine agus idirdhealú a dhíbirt.

ISBN 978-0-9957296-6-7

# AN CLÁR


**Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais** ..... 1
**Teachtaireacht an Phríomh-Choimisinéara** ..... 2
**Faoin gCoimisiún** ..... 7
**An Coimisiún** ..... 9
**Tuarascáil ar Ghníomhaíocht** ..... 10

**Ár gCumhachtaí Dlíthiúla, Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine go háirithe, a Chur i bhFeidhm go Réamhghníomhach** ..... 11
Ár gcumhacht *amicus curiae* a úsáid ..... 13
Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm ..... 17
Monatóireacht ar chonarthaí chearta an duine agus comhionannais sna Náisiúin Aontaithe agus i gComhairle na hEorpa ..... 20
Cur i bhfeidhm agus monatóireacht conarthaí idirnáisiúnta ..... 23
Cur le comhairliúcháin náisiúnta, forbairt beartas agus cur i bhfeidhm straitéisí a bhaineann le straitéis an Choimisiúin ..... 25

**Tuiscint ar Dhoroinnteacht an Chomhionannais agus Chearta an Duine a Chur Chun Cinn** ..... 26
Promhadh ó thaobh Chearta an Duine agus an Chomhionannais ar an mBuiséad ..... 28
Cur le ceapadh beartas bunaithe ar fhianaise trí shonraí níos fearr ..... 28
An Comhchoiste a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta/Bhéal Feirste ..... 29
Feasacht, tuiscint agus tacaíocht le haghaidh cearta socheacnamaíocha a chur chun cinn ..... 30

**Comhionannas agus Cearta an Duine a Chur i gCrích** ..... 32
Faisnéis faoi chearta an duine agus comhionannas a dhéanamh infhaighte agus spéisiúil ..... 34
Cúnamh dlí agus cúnamh eile ..... 39
Torthaí dlíthíochta ..... 39
Dea-chleachtas i gcearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn ..... 43

**Éagsúlacht agus Tuiscint Idirchultúrtha** ..... 44
Cosaint idirnáisiúnta ..... 46
Eitneacht Lucht Siúil a aithint ..... 46
Tacú le tionscnaimh ar an idirchultúrachas agus éagsúlacht ..... 48

**Rialachas agus Struchtúr** 51
An Coimisiún 52
Coistí 53
Rialachas 53
An fhoireann 53
Maoiniú agus bainistíocht airgeadais 54
Nochtadh cosanta 54
An tAcht um Míchumas 54
An tAcht um Shaoráil Faisnéise 55

**Tuairisc faoi Alt 42 den Acht fán gCoimisiún, 2014 (Dualgas na hEarnála Poiblí)** 56

**Aguisíní** 59
Aguisín 1 – Comhaltaí an Choimisiúin 60
Aguisín 2 – Freastal ar Chruinnithe an Choimisiúin 62
Aguisín 3 – Coistí an Choimisiúin 63
Aguisín 4 – Foireann an Choimisiúin 65
Aguisín 5 – Nochtadh Airgeadais Breise 66
Aguisín 6 – Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta 68
Aguisín 7 – Scéim Deontas an Choimisiúin 70
Aguisín 8 – Ceisteanna ar Do Chearta 72
Aguisín 9 – Foilseacháin 73
Aguisín 10 – Eisiúintí do na Meáin 73

# TUARASCÁIL LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

Cuirim faoi bhráid Thithe an Oireachtais tuarascáil bhliantúil Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas de bhun alt 28(1) den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

Baineann an tuarascáil bhliantúil seo leis an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2017.

Emily Logan

An Príomh-Choimisinéir
Meitheamh 2018

# TEACHTAIREACHT AN PHRÍOMH-CHOIMISINÉARA

Thar ceann Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, is mór agam ár dtríú Tuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

## Cosaint Idirnáisiúnta

Thuairiscigh Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe leibhéil easáitithe daoine nach bhfacthas riamh cheana, 65.3 milliún duine, agus dá bhrí sin lean an Coimisiún ar aghaidh ag tabhairt tús áite dá iarrachtaí ar théama na Cosanta Idirnáisiúnta. Ba é an tAcht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2017, fócas an chéad imeachta théamaigh a d'eagraigh an Coimisiún. Bhain an t-imeacht le Freagra na hÉireann ar Ghéarchéim Dhomhanda na nDídeanaithe agus na hImirce. I measc na bpríomhréimsí imní don Choimisiún tá incháilitheacht le haghaidh athaontú teaghlach agus na bagairtí leanúnacha ar leanaí imirceacha nach bhfuil duine fásta leo. Cé go bhfuil sé róluath a chinneadh an bhfuil ag éirí leis an reachtaíocht an aidhm atá léi a bhaint amach, is é sin cur chuige níos aontaí i leith iarratas ar thearmann, léiríodh faoi dheireadh 2017 ó na torthaí luatha go rabhthas ag fanacht 19 mí ar an gcéad agallamh agus go raibh imní ar dhaoine faoin bhfoirm iarratais chasta atá 60 leathanach ar fad.

D'iarr an Coimisiún ar an Stát ról ceannaireachta idirnáisiúnta a ghlacadh, go háirithe i dtaca le cearta dídeanaithe ar leanaí iad agus labhairt go poiblí ar son chearta an duine agus an chomhionannais sa chaoi a gcaitear le dídeanaithe ar leibhéal na hEorpa agus an domhain. Tá an dioscúrsa polaitiúil idirnáisiúnta ar chúrsaí caomhnaitheachta ag dul i méid faoi láthair, agus tá sé tábhachtach go gcuimhneodh Éire ar a tiomantas sheanbhunaithe don idirnáisiúnachas.

## Eitneacht Lucht Siúil

I mí an Mhárta, d'fhógair an Taoiseach Enda Kenny go n-aithneofaí go foirmiúil an Lucht Siúil mar ghrúpa eitneach ar leith sa Stát, i ndiaidh tacaíocht agus cheannaireacht pholaitiúil trasphháirtí.

Cé gur chuir an Coimisiún leis an díospóireacht seo, agus go ndeachaigh sé os comhair an Chomhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas mar chuid de sin, tharla an t-athrú seo mar gheall ar iarrachtaí diongbháilte agus gan staonadh na mban agus na bhfear ón Lucht Siúil a d'oibrigh ar feadh na mblianta fada chun an lá stairiúil seo a bhaint amach.

Ar an drochuair, léiríonn na cásanna lenar phléigh ár bhfoireann dlí i mbliana go bhfuil idirdhealú leanúnach ar bun agus marbhántacht i leith soláthar seirbhísí don Lucht Siúil, go háirithe i réimse na cóiríochta don Lucht Siúil.

## Tuairisciú Idirnáisiúnta

Thuairiscigh an Coimisiún go neamhspleách do dhá Chomhlacht Conartha de chuid na Náisiún Aontaithe in 2017, Coiste na Náisiún Aontaithe maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú agus an dara scrúdú foirmiúil d'Éirinn faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Céasadh.

Thug na Breathnuithe Deiridh ar Éirinn a d'fhoilsigh an dá Choiste moltaí mionsonraithe don Stát, agus díríodh iontu ar shaincheisteanna a tharraing an Coimisiún anuas.

I gcás an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, is ábhartha ár n-obair intíre ar dhaingniú Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a chur chun cinn agus dul chun cinn ar an bPrótacal Roghnach leis an gCoinbhinsiún i gcoinne Céasadh.

## Toradh dlí suntasach

Ba é an toradh ba shuntasaí ón úsáid a bhain an Coimisiún as a chumhachtaí dlíthiúla chun cearta socheacnamaíochta a chur chun cinn an idirghabháil a rinne an Coimisiún mar *amicus curiae* i gcás *NHV v. an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais* ar an gceart atá ag duine aonair a chónaíonn i soláthar díreach slí bheatha a bhaint amach. Thug an Chúirt Uachtarach cás samplach ar an gcás, agus rialaigh sí, sa chás nach bhfuil aon teorainn ama leis an bpróiseas tearmainn, go bhfuil an cosc iomlán ar fhostaíocht a lorg faoi Acht na nDídeanaithe, 1996, ag teacht salach ar an gceart bunreachtúil fostaíocht a lorg.

Mar *amicus curiae* (cara na cúirte), ba é aighneacht lárnach an Choimisiúin go bhfuil neamhshaoránaigh, iad siúd atá ag lorg tearmainn nó cosaint choimhdeach ina measc, i dteideal an ceart chun oibre nó slí bheatha a bhaint amach a agairt faoi airteagal 40.3.1 den Bhunreacht.

Luaigh an Chúirt go bhféadfaí an staid seo a réiteach ach na forálacha reachtúla ábhartha a athrú, a bhaineann leis an rialtas agus an pharlaimint go príomha, agus chuir sí an cás ar athlá go ceann sé mhí agus d'iarr sí ar na páirtithe aighneachtaí a dhéanamh ar fhoirm ordú na cúirte a dhéanfaí an t-am sin. Sa chomhthéacs sin, leanfaidh an Coimisiún dá mhonatóireacht ar a mholadh ó 2015 agus rún sainráite an Stáit a bheith páirteach in athmhúnlú na Treorach maidir le Coinníollacha Glactha, trína bhforáiltear, i measc nithe eile, do rochtain ar an margadh saothair d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta.

## Oibleagáidí Chearta an Duine agus Comhionannais a Chomhlíonadh – Tithíocht

Thug an Coimisiún tús áite do chearta socheacnamaíochta agus bhí sé níos gníomhaí ar an gceart chun tithíochta ná ceist ar bith eile, trína obair dlí, obair bheartais, agus trí thaighde a thosú ar idirdhealú agus neamhionannas i gcúrsaí tithíochta in Éirinn.

Mhol an Coimisiún athchóiriú ar ghnéithe tábhachtacha den dlí agus beartas tithíochta, ar nós tithíocht shóisialta bhuan d'ardchaighdeán a sholáthar agus daingneacht tionachta. Léirigh an Coimisiún imní freisin faoi ghnéithe inscne na heaspa dídine in Éirinn agus an tionchar ar chearta an linbh.

Tharraing an Coimisiún imní anuas i mbliana maidir le soláthar cóiríocht éigeandála go háirithe, agus d'fhoilsigh sé a ráiteas beartais "The provision of emergency accommodation to families experiencing homelessness" inar tugadh rabhadh faoi normalú teaghlach gan dídean.

Leagtar béim sa ráiteas ar an ngá atá le díriú ar dhínit an duine, agus an gá atá le luachanna an Bhunreachta d'fhéinriail agus príobháideachas daoine atá gan dídean a chur ag croílár soláthar cóiríochta oiriúnaí do theaghlaigh, i dteannta thábhacht chearta an linbh.

## An Coiste Oireachtais ar an Ochtú Leasú

I mí Dheireadh Fómhair, thug Cathaoirleach an Choiste Oireachtais ar an Ochtú Leasú ar an mBunreacht, an Seanadóir Catherine Noone, cuireadh don Choimisiún teacht os comhair an choiste.

Mhol an Coimisiún gur cheart don Stát aghaidh a thabhairt ar athchóirithe ar rochtain ar ghinmhilleadh in Éirinn mar bheartas cúram sláinte go príomha, agus dá ndéanfaí sin, go gcomhlíonfaí oibleagáidí an Stáit faoi dhlíthe idirnáisiúnta um chearta an duine.

Luaigh an Coimisiún imní maidir le staid reatha dhlí na hÉireann i gcás an ghinmhillte, go háirithe, in 2016 agus in 2017 gur chinn Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine gur sháraigh Éire roinnt ceart den gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, i ndiaidh gearán ó Amanda Mellet agus Siobhan Whelan, a raibh mínormáltacht mharfach féatais ag baint lena dtoirchis. Ba iad na príomhchearta a sáraíodh: airteagal 7 – an cosc ar iompar cruálach, mídhaonna agus táireach; airteagal 17 – an ceart chun príobháideachais; agus airteagal 26 – comhionannas faoin dlí.

Mhol an Coimisiún go reáchtálfadh an stát reifreann chun iarraidh ar an bpobal ar cheart Airteagal 40.3.3 den Bhunreacht a scriosadh ionas go bhféadfaí creat forbartha a cheadú a rialódh rochtain ar ghinmhilleadh in Éirinn ag a bhfuil bunús sa bhunreachtaíocht agus rialúchán.

## Taighde bunaithe ar fhianaise

Ina chéad straitéis, thug an Coimisiún tús áite do shonraí ar ardcháilíocht agus taighde eimpíreach a úsáid toisc go bhfuil sé sin riachtanach chun go sainaithneofaí na bacainní ar leas iomlán a bhaint as cearta an duine agus comhionannas atá fós inár sochaí, chomh maith leis na daoine is mó a mbíonn tionchar ag na bacainní sin orthu.

In 2017, chuir an Coimisiún tús le comhpháirtíochtaí taighde leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) agus leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn. Tá sé i gceist go gcruthódh an chomhpháirtíocht dhá bhliain leis an ESRI sraith tuarascálacha taighde, lena n-áirítear taighde ar mheonta i leith na héagsúlachta in Éirinn, idirdhealú agus neamhionannas i dtithíocht, idirdhealú i measc daoine faoi mhíchumas, agus eitneacht agus náisiúntacht i margadh saothar na hÉireann.

Mar chuid dár gcomhpháirtíocht leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn ar théama an idirchultúrachais, bronnadh deontas ar an Scoil Cumarsáide in DCU as a dtionscadal 'Hate Track'. Is tionscadal taighde trialach agus turgnamhach é sin a thugann modhanna sóisialta, eolaíochta agus ríomhaireachtúla le chéile chun tuiscint níos fearr a fháil ar chaint chiníoch agus caint a chuireann ciníochas in iúl ar líne i gcomhthéacs na hÉireann.

Is é cuspóir an Choimisiúin sna tionscadail seo sonraí feabhsaithe um chearta an duine agus um an gcomhionannas a fhorbairt, a chuireann le níos mó cinnteoireachta bunaithe ar fhianaise.

## An Comhchoiste

Ar deireadh, i bhfianaise na rioscaí suntasacha do chosaint chearta an duine agus an chomhionannais a d'fhéadfadh eascairt as idirbheartaíocht an Bhreatimeachta ar feadh 2017, tarraingíodh aird faoi leith ar obair an Chomhchoiste. Tá ionadaithe ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus ó Choimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine ar an gComhchoiste, a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta/Bhéal Feirste chun machnamh a dhéanamh ar cheisteanna chearta an duine ar oileán na hÉireann.

Chuige sin, choinnigh an Comhchoiste na ceisteanna sin i lár an aonaigh ina chuid oibre agus ina ionadaíocht ag imeachtaí an Idirphlé Shaoránaigh Uile-Oileáin ar an mBreatimeacht a thionóil Rialtas na hÉireann i rith 2017. Is léir go bhfuil feidhmiú éifeachtach Chomhaontú 1998 fós ríthábhachtach faoi láthair agus, toisc go bhfuil comhoibriú níos fearr lenár gcomhghleacaithe i dTuaisceart Éireann riachtanach anois, chuir an Coimisiún acmhainní breise ar leataobh chun tacú le hobair an Chomhchoiste ar feadh na bliana, agus choimisiúnaigh sé staidéar taighde ar thionchair an Bhreatimeachta agus ar an gcaoi is fearr le coibhéis ceart Thuaidh/Theas a bhaint amach go leanúnach.

## Buíochas

Is mian liom buíochas a ghabháil lenár gcomhghleacaithe sa Choimisiún a chuir a dtéarma i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2017, agus aitheantas a thabhairt dóibh: Liam Herrick, Mark Kelly, Mary Murphy, Betty Purcell agus Kieran Rose. Bhain an Coimisiún an-tairbhe go deo as a bhfís, a ndua agus a ndíograis agus an Coimisiún á bhunú, agus ag an tréimhse is dúshlánaí don aonán nua seo, Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

Ceapadh Stiúrthóir nua ar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas i mí na Bealtaine 2017, Laurence Bond. Thar ceann an Choimisiúin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Laurence agus leis an bhfoireann ar fad i gCoimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, a thugtar sna haguisíní, a lean orthu ag obair le díograis agus tiomantas mór do thacú leis an gCoimisiún chun a shainordú reachtúil a chur i bhfeidhm chun cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn agus a chosaint in Éirinn.





Emily Logan
An Príomh-Choimisinéir

# FAOIN GCOIMISIÚN

Is é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas foras náisiúnta neamhspleách na hÉireann um chearta an duine agus um an gcomhionannas. Is é an cuspóir atá againn cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn agus cultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a thógáil.

Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas an 1 Samhain 2014, mar chomhlacht poiblí le sainordú faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Tugtar réimse cumhachtaí reachtúla don Choimisiún faoin Acht chun cearta an duine agus comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn.

Tá 15 chomhalta sa Choimisiún a cheapann an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn, i ndiaidh do dhá Theach an Oireachtais rún a rith. Feidhmíonn an Coimisiún go neamhspleách ar an Rialtas, agus ráthaítear a neamhspleáchas institiúideach i reachtaíocht bhunaithe an Choimisiúin, ina bhforáiltear do chuntasacht an Choimisiúin dá fheidhmeanna reachtúla don Oireachtas.

Tugtar miondealú iomlán ar chomhaltaí an Choimisiúin agus ar fhreastal ar chruinnithe in Aguisíní 1 agus 2.

## Sainordú Reachtúil

Is iad feidhmeanna foriomlána reachtúla an Choimisiúin a bhforáiltear dóibh in alt 10 den reachtaíocht:

- cearta an duine agus an comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn,
- forbairt cultúr measa ar chearta an duine, comhionannas agus tuiscint idirchultúrtha a spreagadh sa Stát,
- tuiscint agus feasacht ar thábhacht chearta an duine agus an chomhionannais a chur chun cinn sa Stát,
- dea-chleachtas i gcaidrimh idirchultúrtha a spreagadh, caoinfhulaingt don éagsúlacht agus glacadh léi sa Stát a chur chun cinn agus meas ar shaoirse agus dínit gach duine, agus,
- oibriú i dtreo deireadh a chur le sáruithe ar chearta an duine, idirdhealú agus iompar coiscthe.

Agus é ag tabhairt faoina shainordú, ceanglaítear ar an gCoimisiún go sonrach cur le forbairt sochaí mar seo a leanas:

- sochaí ina bhfuil meas ar chearta daonna gach duine, agus ina gcosnaítear iad,
- sochaí ina bhfuil meas ar dhínit agus ar luach gach duine,
- sochaí ina gcinntítear nach bhfuil srian ar chumas duine a lánacmhainneacht a bhaint amach mar gheall ar chlaontacht, ar idirdhealú, ar fhaillí nó mar gheall ar iompar coiscthe,

- sochaí ina bhfuil deis chothrom agus chomhionann ag gach duine páirt a ghlacadh i saol geilleagrach, polaitiúil, sóisialta nó cultúrtha an Stáit, agus,
- sochaí ina bhfuil cóimheas idir daoine, lena n-áirítear aicmí daoine, bunaithe ar chomhthuiscint ar luach na héagsúlachta laistigh de shochaí agus ar chóimheas ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas.

## Ár gCuid Oibre

Is é ról reachtúil an Choimisiúin cearta an duine agus an comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn, agus tugaimid faoi sin i mbealaí éagsúla.

- Bímid ag plé leis an bpobal chun iad a chur ar an eolas faoi chearta an duine agus an comhionannas agus chun tuiscint orthu a spreagadh.
- Déanaimid athbhreithniú ar leordhóthanacht agus ar éifeachtacht dhlí agus chleachtas chearta an duine agus an chomhionannais sa Stát agus i gcomhlachtaí poiblí, lena n-áirítear plé le hoifigigh rialtais atá ag dréachtú reachtaíochta, agus leis an reachtas de réir mar a théann Bille trí Thithe an Oireachtais.
- Foilsímid ráitis beartais agus tugaimid faoi thaighde ar shaincheisteanna téamacha; déanaimid moltaí don Rialtas ar bhearta ba cheart a ghlacadh chun cearta an duine agus comhionannas sa Stát a neartú, a chosaint agus a chomhlíonadh.
- Is féidir leis an gCoimisiún cúnamh dlí a thabhairt in imeachtaí áirithe a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas, iarratas a dhéanamh leis na hUaschúirteanna ar chead pléadáil os a gcomhair mar *amicus curiae* (cara na cúirte), agus tús a chur le himeachtaí ina ainm féin faoi chúrsaí a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas.
- Oibrímid i gcomhar le heagraíochtaí agus comhlachtaí poiblí áirithe chun athrú a chumasú a imreoidh dea-thionchar ar shaol daoine agus chun forbairt cultúr measa ar chearta an duine, comhionannas agus tuiscint idirchultúrtha a spreagadh.

Is cuma má bhímid ag freagairt d'imní aonair, i mbun plé leis an reachtas, leis an rialtas nó le comhlachtaí poiblí ar bheartais agus ar chleachtais, nó ag méadú feasachta i measc an phobail ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas, is é ár bhfís Éire chuimsitheach a bheith againn ina léirítear meas ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas, ina gcuirtear chun cinn iad agus ina mbaintear amach iad do gach duine, i ngach áit.

# AN COIMISIÚN



Thuas, ón taobh clé: An Príomh-Choimisinéir Emily Logan, Teresa Blake SC, Frank Conaty*, Heydi Foster-Breslin*, David Joyce BL, Mark Kelly*, Sunniva McDonagh SC, an tOllamh Siobhán Mullally, an tOllamh Ray Murphy, an Dr Fidèle Mutwarasibo, Orlagh O'Farrell, Betty Purcell*, Liam Herrick*, an Dr Mary Murphy*, agus Kieran Rose*.

*Go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2017

# TUARASCÁIL AR GHNÍOMHAÍOCHT

Tuairiscítear gníomhaíocht an Choimisiúin in 2017 sa tuarascáil seo, an dara bliain dá chéad phlean straitéiseach. Tá Ráiteas Straitéise 2016–2018 an Choimisiúin bunaithe ar a shainordú mar a leagtar amach é san Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, agus Prionsabail Pháras de chuid na Náisiún Aontaithe mar bhonn agus taca aige, ina leagtar amach na caighdeáin idirnáisiúnta d'institiúidí náisiúnta um chearta an duine.

Agus muid dár dtreorú ag ár misean cur le hÉirinn chuimsitheach ina léirítear meas ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas, ina gcuirtear chun cinn iad agus ina mbaintear amach iad do gach duine, i ngach áit, chomhaontaigh an Coimisiún sraith príomhspriocanna straitéiseacha chun ár gcuid oibre a threorú.

**Is iad sin:**

- ár gcumhachtaí dlíthiúla, Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine go háirithe, a chur i bhfeidhm go réamhghníomhach;
- tuiscint ar dhoroinnteacht an chomhionannais agus chearta an duine a chur chun cinn;
- comhionannas agus cearta an duine a chur i gcrích;
- éagsúlacht agus tuiscint idirchultúrtha.

Sa Tuarascáil Bhliantúil seo, tuairiscíonn an Coimisiún ar na gníomhaíochtaí ar thug sé fúthu in 2017 faoi spriocanna an Ráitis Straitéise. Bhí an cúigiú sprioc leathan mar bhonn agus taca ag na ceithre sprioc sin – is é sin sprioc na ceannaireachta.

Chun sprioc na ceannaireachta a chomhlíonadh, tiomnaítear sa Ráiteas Straitéise go mbeidh an Coimisiún láidir, réamhghníomhach, dúshlánach agus údarásach san obair a dhéanann sé.

# ÁR GCUMHACHTAÍ DLÍTHIÚLA, DUALGAS NA HEARNÁLA POIBLÍ UM CHOMHIONANNAS AGUS CEARTA AN DUINE GO HÁIRITHE, A CHUR I BHFEIDHM GO RÉAMHGHNÍOMHACH

**SA CHUID SEO:**


Ár gcumhacht *amicus curiae* a úsáid ........ 13

Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm ........ 17

Monatóireacht ar chonarthaí chearta an duine agus comhionannais sna Náisiúin Aontaithe agus i gComhairle na hEorpa ........ 20

Cur i bhfeidhm agus monatóireacht conarthaí idirnáisiúnta ........ 23

Cur le comhairliúcháin náisiúnta, forbairt beartas agus cur i bhfeidhm straitéisí a bhaineann le straitéis an Choimisiúin ........ 25

## *‘Beidh athrú intomhaiste ar chleachtas iad siúd ar a bhfuil na príomhdhualgais de bharr a bhfeasachta ar dhlí agus ar dhea-chleachtas chearta an duine agus an chomhionannais’*

**Ráiteas Straitéise Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2016–2018**

Tá an sprioc straitéiseach seo dírithe ar na cumhachtaí dlíthiúla a chumhdaítear inár reachtaíocht bhunaithe, *an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014*, a chur i bhfeidhm go réamhghníomhach.

Dírítear ár ngníomhaíocht faoin sprioc seo ar na struchtúir a sheachadann cearta an duine agus comhionannas in Éirinn: na cúirteanna; forbairt reachtaíochta san Oireachtas; ceapadh agus cur i bhfeidhm beartas agus caighdeán i ranna rialtais; agus feidhmiú comhlachtaí ábhartha san earnáil phoiblí, tionscail nó earnála.

Dírítear freisin sa sprioc seo ar ár n-obair maidir leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta i leith chearta an duine agus comhionannais atá ag Éirinn, agus ar chur i bhfeidhm agus ar mhonatóireacht ar chomhlíonadh conarthaí idirnáisiúnta.

### Buaicphointí ó 2017

Rinne an Coimisiún idirghabháil mar *amicus curiae* nó cara na cúirte i gcás (*NHV v. an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais*) ina raibh impleachtaí forleathana ag an mbreith do chearta iarrthóirí tearmainn chun oibre.

Tugadh faoi chúig threoirthionscadal le réimse leathan comhlachtaí poiblí chun uirlisí praiticiúla foghlama a fhorbairt chun Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm.

Thuairiscigh an Coimisiún ar thaifead na hÉireann faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú agus faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Céasadh.

Rinne an Coimisiún a mholtaí don Rialtas maidir le cosaintí ar chóiríocht éigeandála a úsáid le haghaidh teaghlaigh gan dídean.

## Ár gcumhacht *amicus curiae* a úsáid

Mar cheann dá chumhachtaí dlíthiúla, féadfaidh an Coimisiún iarratas a dhéanamh leis na hUaschúirteanna ar chead a fháil feidhmiú mar *amicus curiae* in imeachtaí atá os comhair na cúirte sin a bhaineann le cearta an duine nó cearta comhionannais do dhuine ar bith. Féadfaidh an Chúirt an cead sin a bhronnadh nó a dhiúltú faoina lánrogha féin.

Nuair a ghníomhaíonn an Coimisiún mar *amicus curiae* (cara na cúirte) ní ghlacann sé le taobh ar bith sa chás. Ina ionad sin, cabhraíonn sé leis an gCúirt trí chomhairle a chur uirthi maidir le saincheisteanna chearta an duine agus comhionannais a bhaineann go sonrach leis an gcás.

Ag tús na bliana, bhí sé chás ar bun inar tugadh cead roimhe sin don Choimisiún idirghabháil a dhéanamh mar *amicus curiae.* In 2017 rinne an Coimisiún iarratas leis na hUaschúirteanna idirghabháil a dhéanamh mar *amicus curiae* i seacht n-imeacht. Tugadh an cead sin dó i ngach cás. Cinneadh sé chás ina ndearna an Coimisiún idirghabháil mar *amicus curiae* i rith na bliana, agus bhí na seacht gcás eile fós ar bun amhail deireadh na bliana.

### An ceart chun gearán idirdhealaithe a dhéanamh go comhuaineach

*Cás: Culkin v. Chomhairle Contae Shligigh*

Dhírigh an cás seo ar an gceist an raibh sé de cheart ag an Uasal Culkin gearán idirdhealaithe a thabhairt os comhair an Bhinse Comhionannais mar a bhíodh (a tógadh isteach faoin gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre), agus éileamh ar dhíobhálacha pearsanta ag an am céanna os comhair na hArd-Chúirte, a d'eascair as bulaíocht agus ciapadh a líomhnaíodh a tharla ina áit oibre.

Shéan a fhostóir, Comhairle Contae Shligigh, na héilimh, agus lorg sí, faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, go gcaithfí na himeachtaí díobhálacha pearsanta amach ar an mbunús gur tugadh a ghearán idirdhealaithe os comhair an Bhinse Comhionannais cheana féin.

**Toradh:** Thug an Chúirt Achomhairc an breithiúnas seo an 28 Márta 2017. Dhearbhaigh an Chúirt Achomhairc nach gcuireann na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta cosc uathoibríoch ar dhuine aonair gearán idirdhealaithe a thabhairt os comhair an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre, agus éileamh ar dhíobhálacha pearsanta a eascraíonn as na cúinsí fíorasacha céanna, ag an am céanna.

### Ceart iarratasóra ar stádas dídeanaí chun oibre

*Cás: NHV v. an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais*

Sa chás seo rinne fear as Burma (NHV), a bhí ina chónaí i soláthar díreach ar feadh cúpla bliain, agóid in aghaidh an diúltaithe cead a thabhairt dó fostaíocht a lorg, toisc go raibh an fear fós ag fanacht ar chinneadh faoina iarratas ar stádas dídeanaí.

Rinne NHV agóid in aghaidh bhunreachtúlacht an ailt d'Acht na nDídeanaithe, 1996 a chuireann bac ar an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, a maíodh, cead a thabhairt dó glacadh le fostaíocht. Tugadh cead dó an t-achomharc a thabhairt chuig an gCúirt Uachtarach toisc gur cinneadh go mbaineann tábhacht phoiblí leis an gcás faoi Airteagal 34.5.3 den Bhunreacht.

**Toradh:** Thug an Chúirt Uachtarach breith an 30 Bealtaine 2017 inar rialaíodh, sa chás nach bhfuil aon teorainn ama leis an bpróiseas tearmainn, go bhfuil an cosc iomlán ar fhostaíocht a lorg faoi Acht na nDídeanaithe, 1996, ag teacht salach ar an gceart bunreachtúil fostaíocht a lorg.

Dúirt an Chúirt go bhfuil 'baint ag an obair le dínit agus le saoirse an duine aonair', rud a fhéachann an Bunreacht lena chur chun cinn, agus chinn sí go bhféadfadh go mbeadh neamhshaoránach, iarrthóir tearmainn san áireamh, i dteideal, i bprionsabal, na cearta pearsanta faoin mBunreacht a agairt. Áirítear leis sin seans an ceart chun oibre, más féidir a

bhunú mura ndéanfaí sin nach gcaitear le duine dá leithéid go cothrom le duine daonna.

Dúirt an Chúirt ar deireadh nach féidir ceart chun oibre, i mbrí saoirse chun oibriú nó fostaíocht a lorg, a choinneáil go hiomlán ó neamhshaoránaigh.

## Cearta leanaí faoi choinneáil

*Cás: Ceathrar Iarratasóirí v. Stiúrthóir Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh agus Eile*

Bhain na ceithre chás seo le leanaí a bhí á gcoinneáil in Ionad Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh. I ndiaidh eachtra san Ionad i mí Lúnasa 2016, mhaígh gach leanbh gur coinníodh ina gcill iad, gan sos, ar feadh cúpla seachtain, i gcoinníollacha arbh ionann iad agus coinneáil faoi ghaibhniú aonair a líomhain siad.

**Toradh:** Thug an Ard-Chúirt breithiúnas ar an gcás seo an 6 Samhain 2017 agus dhearbhaigh sí gur sáraíodh cearta bunreachtúla na leanaí nuair a ceileadh aclaíocht laethúil orthu agus aon teagmháil lena muintir i rith na tréimhse scartha. Chinn sí freisin gur sáraíodh cearta bunreachtúla na leanaí toisc nach raibh aon chosaintí nósmhaireachta i bhfeidhm ar fheidhmiú an scartha agus na ndíoth lena mbaineann.

Chinn an Chúirt nach raibh an tréimhse scartha míbhunreachtúil agus nárbh ionann coinníollacha na coinneála i rith an scartha agus íde mhídhaonna nó táiríde.

## Ceart chun saol príobháideach agus teaghlaigh

*Cásanna: Danibye Luximon agus Prashina Choolun (Mionaoiseach ag tabhairt cáis trína máthair agus trína neaschara Danibye Luximon) v. an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais*

*&*

*Yaswin Balchand, Chandrika Gopee agus Cieron Laksh Balchand (Mionaoiseach ag tabhairt cáis trína athair agus trína neaschara Yaswin Balchand) v. an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais*

Bhain na cásanna seo le cearta teaghlach nach Éireannaigh iad ar tugadh cead oibre agus staidéir sa Stát dóibh. Ba é an phríomhcheist ar gá don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais aird a thabhairt ar an gceart chun saol príobháideach agus teaghlaigh, a dheimhnítear faoin mBunreacht agus faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, nuair atá cinneadh á dhéanamh faoi chead na dteaghlach lena mbaineann fanacht sa Stát a athnuachan nó a athrú.

Phléadáil an Coimisiún roimhe sin mar *amicus curiae* sna himeachtaí sin os comhair na Cúirte Achomhairc, a rialaigh i bhfabhar dhá theaghlach as Oileán Mhuirís a tháinig go dtí an Stát tráth nár theastaigh víosa uathu, agus ar tugadh cead dóibh ina dhiaidh sin fanacht sa Stát.

**Leanúnach:** D'éist an Chúirt Uachtarach an cás an 30 Samhain 2017 agus tá breithiúnas le teacht in 2018.

## Cailleadh saoirse

*Cás: L v. Stiúrthóir Cliniciúil Ospidéal Ollscoile Phádraig agus Eile*

Dírítear sa chás ar a bhfuil i gceist le bheith ina 'othar saorálach' in ospidéal síciatrach. Diúltaíodh cead don té a bhí i lár an cháis seo, L, Ospidéal Ollscoile Phádraig a fhágáil mar othar saorálach. Is é an cheist lárnach anseo cén uair is féidir le hothar saorálach institiúid shíciatrach a fhágáil agus aird ar fhorálacha an Achta Meabhairshláinte, 2001.

**Leanúnach:** Tá an cás le héisteacht ag an gCúirt Achomhairc i mí Eanáir 2018.

## An ceart agóid a dhéanamh in aghaidh coinneála in ospidéal meabhairshláinte

*Cás: AB v. Stiúrthóir Cliniciúil Ospidéal Lomáin agus Eile*

Baineann an cás seo leis an gceart atá ag daoine a choinnítear in ospidéil mheabhairshláinte agóid a dhéanamh in aghaidh 'orduithe athnuachana' a údaraíonn a gcoinneáil leanúnach ar feadh 12 mhí.

I gcinneadh níos luaithe, rialaigh an Ard-Chúirt go raibh duine a coinníodh faoi na hAchtanna Meabhairshláinte ar feadh tréimhse fhada i dteideal agóid a dhéanamh in aghaidh dhlíthiúlacht a gcoinneála leanúnaí ag eatraimh réasúnta os comhair cúirte, faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, agus go bhfuil an easpa saoráide faoi *na hAchtanna Meabhairshláinte* chun dlíthiúlacht coinneála dá leithéid a athbhreithniú – seachas trí achomharc leis an gCúirt Chuarda – neamhréireach le hoibleagáidí an Stáit faoi na hAchtanna fán Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003–2014.

**Leanúnach:** Tá an t-achomharc ar bhreithiúnas na hArd-Chúirte le héisteacht ag an gCúirt Achomhairc in 2018.

## An ceart chun próis chuí agus chun trialach córa

*Cás: Kevin Tracey v. an Bhreithimh Cúirt Dúiche Aeneas McCarthy, an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí*

Baineann an cás atá os comhair na Cúirte Uachtaraí le scrúdú ar an gcúinse beacht ina gceadaítear duine a chur á chimiú de bharr díspeagadh os comhair na Cúirte, ag cur chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine agus dhlí bunreachtúil na hÉireann san áireamh. I mí Lúnasa 2017, tháinig Oifig na Cúirte Uachtaraí chuig an gCoimisiún ag iarraidh air a fheidhm mar *amicus curiae* a fheidhmiú sa chás seo.

**Leanúnach:** Tá an cás le héisteacht ag an gCúirt Uachtarach in 2018.

## Dualgas cúiseanna a thabhairt le haghaidh cinntí riaracháin

*Cás: An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Damache*

*An tArd-Aighne v. Damache*


Tá an Coimisiún fós ag feidhmiú mar *amicus curiae* san achomharc ar chinneadh na hArd-Chúirte an 21 Bealtaine 2015. Dhiúltaigh an Ard-Chúirt don iarratas ar eiseachadadh an Uasail Damache ar an mbunús go mbeadh fíor-riosca ann go sárófaí a chearta daonna dá gcuirfí chuig na Stáit Aontaithe é le cur ar a thriail, toisc go raibh an baol ann go gcuirfí faoi ghaibhniú aonair ar feadh tréimhse fhada é i gcóras príosúin na Stát Aontaithe.

Tharraing an Ard-Chúirt ceisteanna faoi fhóram dlínsiúil anuas freisin. Choinnigh na húdaráis sa Spáinn an tUasal Damache in 2015 agus eiseachadadh chuig na Stáit Aontaithe é ón Spáinn in 2017.

**Leanúnach:** Tá achomharc an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le héisteacht ag an gCúirt Achomhairc in 2018.














*Cainteoirí agus rannpháirtithe ag na seimineáir faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine i Luimneach agus i mBaile Átha Cliath, Samhain 2017*

## Cearta príobháideachais

*Cás: Digital Rights Ireland Limited v. an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Choimisinéir an Gharda Síochána, Éire agus an Ard-Aighne*

Tarraingíonn an cás anuas ceisteanna maidir le raon feidhme Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an 'Chairt') agus maidir le dlí-eolaíocht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar chearta príobháideachais, raon feidhme substainteach phrionsabal na comhréireachta agus an gaol idir an Chairt, an Bunreacht agus an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

**Leanúnach:** Bhí na himeachtaí seo ar bun go fóill in 2017.

## Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm

Leagtar dualgas reachtúil in Alt 42 den *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014* ar chomhlachtaí poiblí idirdhealú a dhíbirt, comhionannas a chur chun cinn, agus cearta an duine a chosaint, dóibh siúd dá soláthraíonn siad seirbhísí, agus d'fhoireann na hearnála poiblí. Tá sé de chumas ag Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine comhionannas agus cearta an duine a leabú i lár an déanta beartais, an tsoláthair seirbhíse agus na fostaíochta san earnáil phoiblí in Éirinn.

In 2017, lean an Coimisiún ar aghaidh ag tacú le cur i bhfeidhm an Dualgais trí threoir phraiticiúil agus acmhainní a fhorbairt do chomhlachtaí poiblí, agus trí ardú feasachta leanúnach seachtrach thar réimse leathan comhlachtaí poiblí agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

**Treoirthionscadail**

I rith na bliana, thug an Coimisiún faoi chúig threoirthionscadal leis na heagraíochtaí seo a leanas, chun tacú le cur chuige a fhorbairt i leith an Dualgas a cur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna difriúla:

- Comhairle Cathrach Chorcaí
- Comhairle Contae Mhuineacháin
- Coláiste na hOllscoile Corcaigh
- Seirbhís Phromhaidh na hÉireann
- Community Action Network agus Service User Rights in Action Group

Cuireadh na treoirthionscadail seo i bhfeidhm chun foghlaim earnála faoin Dualgas i bhfeidhm a chur chun cinn, thar réimse leathan eagraíochtaí san earnáil phoiblí. Cuirfidh na treoirthionscadail bonn eolais faoi thuilleadh treorach praiticiúla don Dualgas, agus gabhfar an fhoghlaim trí chás-staidéir chun tacú le heagraíochtaí eile agus iad á chur i bhfeidhm ag an tús.






### Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm – Imeachtaí

I mí na Samhna, reáchtáil an Coimisiún dhá imeacht mhóra i mBaile Átha Cliath agus i Luimneach. Tháinig os cionn 300 duine ó ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit, institiúidí oideachais, údaráis áitiúla agus an tsochaí shibhialta chun foghlaim faoin Dualgas, an obair a rinneadh go dtí sin, agus chun foghlaim ó na treoirthionscadail a roinnt.

Ba é aidhm na n-imeachtaí cabhrú le comhlachtaí poiblí a n-oibleagáidí reachtúla faoi Alt 42 den Acht fán gCoimisiún, 2014 a thuiscint. Chomh maith leis sin, bunaithe ar thaithí na gcomhlachtaí poiblí a thug faoi threoirthionscadail leis an gCoimisiún, tugadh treoir phraiticiúil agus samplaí den chaoi le tús a chur leis an Dualgas a chur i bhfeidhm.

Bhí meascán de phlé painéil le státseirbhísigh shinsearacha as Éirinn, saineolaithe iasachta sa réimse agus an tsochaí shibhialta sna himeachtaí, agus reáchtáladh ceardlanna freisin do phríomhréimsí na hearnála poiblí.

### Treoir a Fhorbairt

Nuashonraíodh leabhrán treorach a foilsíodh ar an Dualgas ag tús an phróisis agus athfhoilsíodh é chun forléargas a thabhairt ar an Dualgas agus ar riachtanais na reachtaíochta.

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar threoir níos mionsonraithe faoin Dualgas a thabhairt chun cinn – foilseofar an cháipéis acmhainne sin in 2018.

Cruthaíodh acmhainn físeáin ag imeachtaí seimineáir mhí na Samhna 2017 freisin. Cabhróidh sí sin leo siúd atá ag iarraidh an Dualgas a chur i bhfeidhm, agus cuirfear ar fáil í in 2018, chomh maith le torthaí ó na treoirthionscadail.

### Scéim Deontas 2017 – Ag Tacú le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm

I mí na Samhna 2017 dháil an Coimisiún maoiniú deontas ar eagraíochtaí chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí chun cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn. Thóg sé sin ar an gcéad leithdháileadh deontas dá leithéid in 2016 agus ar chur i gcrích na dtionscadal sin.

Tá liosta de na tionscadail a fuair maoiniú in 2016, agus a chuir a n-obair i gcrích in 2017, in Aguisín 7.

Bronnadh maoiniú ar 31 eagraíocht san iomlán faoi scéim deontas Chearta an Duine agus Comhionannais. Fuarthas os cionn 150 iarratas ar an scéim ó phobail, grúpaí agus comhlachtaí poiblí.

Agus deontais 2017 á mbronnadh, dhírigh an Coimisiún ar dhá théama uileghabhálacha, ag teacht lena bhéim straitéiseach. Bhain ceann de na téamaí sin le tacú le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm.

## Scéim Deontas 2017: (Ag tacú le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm)

| EAGRAÍOCHT | COMHPHÁIRTÍ | TIONSCADAL |
|---|---|---|
| National Safeguarding Committee | An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, an Coimisiún Meabhair-Shláinte | Bonn fianaise a fhorbairt do chur chuige bunaithe ar chearta i leith seirbhísí cónaithe, seirbhísí d'othair chónaitheacha agus seirbhísí bunaithe sa phobal, do sheandaoine, daoine atá faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil meabhairghalar orthu. |
| Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann | | Creat tacaíochtaí a fhorbairt chun Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm ar fud Earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna. |
| Community Action Network (CAN) | | I ndiaidh chinneadh *FIDH v. na hÉireann* ó Chomhairle na hEorpa ar thithíocht na n-údarás áitiúil, cur chuige bunaithe ar dhaoine a bhfuil cearta acu a úsáid le húdaráis áitiúla chun Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm. |
| Ionchuimsiú Éireann | | Clár 'Oiliúint don Oiliúnóir' a bhunú chun ceardlanna a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil cearta acu ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a úsáid chun teacht ar sheirbhísí poiblí. |
| Equality and Rights Alliance | | Tionscadal chun cumas a thógáil in eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun tabhairt faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine agus a chinntiú go gcuireann comhlachtaí poiblí ina gceantar i bhfeidhm é, trí chúig cheardlann réigiúnacha a eagrú. |
| An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath | | Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm san Earnáil Tríú Leibhéal trí fheasacht a ardú, foghlaim a roinnt, tosaíochtaí a shainaithint agus treoirlínte a fhorbairt. |
| The Rights Platform, Ionad Acmhainní Teaghlaigh Naomh Caoimhín | Líonra Rannpháirtíochta an Phobail in Áth Cliath Theas | Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm i bpróiseas pleanála straitéisí Chontae Átha Cliath Theas. |
| Comhairle um Chearta an Duine | | Oibleagáidí chearta an duine atá i bhfeidhm ar bheartas agus cleachtas an Gharda Síochána a shainaithint agus a chur i bhfeidhm. |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | | Aghaidh a thabhairt ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm laistigh den FSS. |
| Seirbhísí Andúile FSS (Gort na Silíní) | | Cur chuige comhoibríoch a fhorbairt i leith Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, i gcomhar le húsáideoirí na seirbhísí, maidir le handúile agus cóir leighis agus soláthar seirbhísí. |

| EAGRAÍOCHT | COMHPHÁIRTÍ | TIONSCADAL |
|---|---|---|
| Coiste Forbartha Áitiúla Pobail na hIarmhí | Comhairle Chontae na hIarmhí agus gníomhaireachtaí reachtúla eile | Straitéis Imeasctha ilghníomhaireachta a fhorbairt do Chontae na hIarmhí le haghaidh 2018–2022, agus aird ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. |
| Oifig Forbartha Pobail Chomhairle Contae Fhine Gal | Comhairle um Inimircigh na hÉireann | Acmhainní oiliúna a fhorbairt don phríomhfhoireann i gComhairle Contae Fhine Gal, ag díriú ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm agus ar idirchultúrachas. |
| Travellers of North Cork CLG | PPR Belfast | Próiseas monatóireachta chearta an duine a chur chun cinn chun cearta cóiríochta an Lucht Siúil i dTuaisceart Chorcaí a fheabhsú. |
| FSS – an Rannán Náisiúnta Acmhainní Daonna, an Fhoireann Éagsúlachta, Comhionannais agus Cuimsithe | | Athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar chláir oiliúna uile an FSS chun éagsúlacht, comhionannas agus cuimsiú a chomhtháthú iontu. |
| Free Legal Advice Centres (FLAC) | | Comhdháil lae ag fiosrú impleachtaí dlí Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. |
| Comhairle Dídeanaithe na hÉireann | | Tionscadal bliana chun oibleagáidí Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a bhunú le haghaidh na Gníomhaireachta Fáiltithe agus Imeasctha, na hOifige chun Lánpháirtíocht Imirceach a Chur Chun Cinn agus a conraitheoirí, do dhaoine atá ag lorg cosanta, nó atá i soláthar díreach. |

## Monatóireacht ar chonarthaí chearta an duine agus comhionannais sna Náisiúin Aontaithe agus i gComhairle na hEorpa

Tá creidiúnú stádas "A" ag an gCoimisiún, mar fhoras náisiúnta um chearta an duine, ó na Náisiúin Aontaithe. Tarraingíonn an t-aitheantas idirnáisiúnta sin aird ar sheasamh intíre agus idirnáisiúnta an Choimisiúin agus ar a neamhspleáchas institiúideach. Ní fhaigheann comhlachtaí stádas "A" mura bhfuil siad ag comhlíonadh Phrionsabail Pháras ina n-iomláine agus, dá bhrí sin, tugtar cearta vótála, labhartha agus suite dóibh ag comhlachtaí conartha na Náisiún Aontaithe um chearta an duine.

Mar an foras náisiúnta um chearta an duine, bíonn monatóireacht an Choimisiúin ar staid chearta an duine in Éirinn agus na moltaí a thugaimid mar bhonn eolais faoi mheasúnuithe na gcomhlachtaí monatóireachta Conartha ar an gcaoi a bhfuil Éire ag comhlíonadh a hoibleagáidí faoi Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chearta an Duine.

In 2017, bhí an Coimisiún rannpháirteach go gníomhach i gcéimeanna éagsúla de mhonatóireacht idirnáisiúnta ag leibhéal na Náisiún Aontaithe agus Chomhairle na hEorpa.

## Tuairisciú idirnáisiúnta

**Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW)**

I mí Feabhra 2017, reáchtáladh an ceathrú scrúdú foirmiúil ar Éirinn faoin gCoinbhinsiún NA seo sa Ghinéiv. Roimh an éisteacht, chuir an Coimisiún isteach a thuarascáil neamhspleách ar theist na hÉireann faoin gCoinbhinsiún. Úsáideadh an fhaisnéis a bailíodh i rith an chomhairliúcháin náisiúnta ar CEDAW in 2016 mar bhonn eolais d'anailís an Choimisiúin.



*Toscaireacht an Choimisiúin go Coiste CEDAW sa Ghinéiv i mí Dheireadh Fómhair 2017, ag bualadh le Cathaoirleach an Choiste, an tUasal Dalia Leinarte.*



*Helga Fastrup Ervik (Sásra Coisctheach Náisiúnta na hIorua), Malcolm Evans (Fochoiste NA chun Céastóireacht a Chosc), Emily Logan (IHREC) agus Rachel Murray (Scoil an Dlí in Ollscoil Bristol) ag seoladh "Ireland and the Optional Protocol to the UN Convention Against Torture"*



*Tuarascáil an Choimisiúin do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Céasadh*



*Tuarascáil an Choimisiúin do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW)*

I mí Feabhra 2017, d'fhoilsigh an Coimisiún:

- An Aighneacht fhoirmiúil do Choiste na Náisiún Aontaithe maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú ar an séú agus seachtú tuarascáil thréimhsiúil ó Éirinn a foilsíodh in éindí
- Forbhreathnú ar leithligh ar na saincheisteanna agus moltaí atá sa phríomhthuarascáil
- Leagan éasca le léamh den fhorbhreathnú ar an bhfoilseachán faoi shaincheisteanna agus moltaí (a d'ullmhaigh Ionchuimsiú Éireann)
- "*What is life like for Women in Ireland in 2016?*" – foilseachán a dhéanann taifead ar ghnéithe comhairliúcháin thionscadal CEDAW.

Thaistil toscaireacht ón gCoimisiún go dtí na Náisiúin Aontaithe chun páirt a ghlacadh i scrúdú foirmiúil sa Ghinéiv agus bhuail siad le rapóirtéir na tíre, le haghaidh na hÉireann, Lia Nadaraia, mar chuid den phróiseas sin.

Chuir an Coimisiún a thorthaí i láthair an Choiste NA sa Ghinéiv, agus d'óstáil sé craoladh beo an lá ar fad d'imeachtaí CEDAW ag an am céanna.

D'eisigh Coiste CEDAW NA a Bhreathnuithe Deiridh ar Éirinn i mí an Mhárta, a léirigh bearnaí móra i gcomhlíonadh oibleagáidí idirnáisiúnta na hÉireann, ar tharraing an Coimisiún aird na Náisiún Aontaithe orthu. Áiríodh leo sin rochtain ar cheartas do dhrochíde san am atá caite do chearta na mban, ag dul i ngleic le foréigean bunaithe ar inscne, fadhbanna a théann i bhfeidhm ar ghrúpaí sonracha ban ar nós mhná an Lucht Siúil agus mná imirceacha, agus ar rannpháirtíocht na mban sa saol poiblí.

### Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Céasadh

Bhí dara scrúdú foirmiúil na hÉireann faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Céasadh ar siúl sa Ghinéiv i mí Iúil.

Cuireadh tuarascáil monatóireachta neamhspleáiche an Choimisiúin, "*Ireland and the Convention against Torture*", faoi bhráid an Choiste NA i gcoinne Céasadh sular tháinig an Stát os a chomhair.

Bhuail toscaireacht ón gCoimisiún leis an gCoiste NA i gcoinne Céasadh i seisiún príobháideach, inar thug an Coimisiún breac-chuntas ar a mheasúnú neamhspleách ar theist na hÉireann faoin gCoinbhinsiún. Ag an am céanna, d'óstáil an Coimisiún craoladh beo de scrúdú an Stáit faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Céasadh.

Thug coiste saineolaithe na Náisiún Aontaithe a Bhreathnuithe Deiridh ar Éirinn i mí Lúnasa, ina raibh moltaí mionsonraithe don Stát, agus díríodh iontu ar shaincheisteanna a tharraing an Coimisiún anuas. Áiríodh leis sin céasadh agus drochíde a chosc, an chaoi nár dhaingnigh Éire an Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún i gcoinne Céasadh, Cosaint Idirnáisiúnta, foréigean bunaithe ar inscne agus suíomhanna cúraim chónaithe.

### Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla (ICCPR)

Lean an Coimisiún lena rannpháirtíocht le Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine i ndiaidh scrúdú na hÉireann in 2014 faoin ICCPR. I mí Mheán Fómhair 2017, chuir an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine mar chuid dá phróiseas leantach ar na Breathnuithe Deiridh ar Éirinn in 2014. Nuashonraigh an tuarascáil eolas don Choiste ar mhí-úsáid institiúideach ban agus leanaí, simfiseatóime agus coinníollacha coinneála, a d'eascair as obair níos deireanaí an Choimisiúin ar CEDAW agus ar an gCoinbhinsiún i gcoinne Céasadh.

## Tuairisciú réigiúnach – Comhairle na hEorpa

### Cairt Shóisialta na hEorpa

Rinne an Coimisiún a thuairisc neamhspleách ar thimthriall tuairiscithe 2017 ar Chairt Shóisialta na hEorpa i mí Aibreáin 2017 roimh athbhreithniú foirmiúil na hÉireann.

Scrúdaigh an Coiste Eorpach ar Chearta Sóisialta feidhmíocht an stáit faoi sheacht n-airteagal ón gCairt: an ceart chun coinníollacha oibre sábháilte agus sláintiúla (airteagal 3); an ceart chun cosaint sláinte (airteagal 11); an ceart chun slándáil shóisialach (airteagal 12); an ceart chun cúnamh sóisialta agus leighis (airteagal 13); an ceart chun tairbhe a bhaint as seirbhísí leasa shóisialaigh (airteagal 14); an ceart atá ag seandaoine chun cosaint shóisialach (airteagal 23); agus an ceart chun cosanta ar bhochtanas agus eisiamh sóisialta (airteagal 30).

**An Coinbhinsiún um Ghníomhaíocht i gcoinne Gáinneála ar Dhaoine (Coinbhinsiún Vársá de chuid Chomhairle na hEorpa)**

D'fhoilsigh an Grúpa Saineolaithe um Ghníomhaíocht i gcoinne Gáinneála ar Dhaoine (GRETA) de chuid Chomhairle na hEorpa Tuarascáil Measúnaithe i mí Mheán Fómhair 2017 inar tarraingíodh aird ar bhearnaí móra i gcosaintí na hÉireann d'íospartaigh gáinneála ar dhaoine.

Tharraing athbhreithniú na hÉireann ar aighneacht an Choimisiúin, a tugadh i dtreo dheireadh 2016 roimh an dara measúnú foirmiúil, agus a leag béim ar theip leanúnach an Stáit i ngníomhartha chun íospartaigh gáinneála in Éirinn a shainaithint agus a chosaint mar is ceart. Áiríodh leis sin imní faoi chigireachtaí oibre, cleachtais soláthair a chomhlíonann cearta an duine, an nasc idir tearmann agus gáinneáil ar dhaoine, agus an gá atá le heolas agus tacaíochtaí d'iarrthóirí tearmainn.

## Cur i bhfeidhm agus monatóireacht conarthaí idirnáisiúnta

**Cur i bhfeidhm an Phrótacail Roghnaigh a ghabhann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Céasadh**

I mí Dheireadh Fómhair 2017, cothrom deich mbliana ó shínigh Éire an Prótacal Roghnach a ghabhann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Céasadh, sheol an Coimisiún tuarascáil taighde dar teideal "*Ireland and the Optional Protocol to the UN Convention against Torture*", ina leagtar amach moltaí bunaithe ar fhianaise do dhaingniú agus cur i bhfeidhm an Phrótacail Roghnaigh in Éirinn.

D'éileodh an Prótacal Roghnach ar an Stát Sásra Coisctheach Náisiúnta a bhunú chun rochtain gan srian a thabhairt ar gach áit choinneála, agus cigireacht neamhspleách mhéadaithe orthu; d'áireofaí leis na háiteanna coinneála sin stáisiúin Gardaí, agus suíomhanna cúraim agus cónaithe.

**Daingniú agus Cur i bhFeidhm Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas**

Shínigh Éire Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD) in 2007.

Lean an Coimisiún ar aghaidh i rith 2017 ag éileamh dhaingniú Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe, agus leag sé amach treoir shonrach, bunaithe ar chleachtas idirnáisiúnta, ar an gcaoi is fearr le cur i bhfeidhm an UNCRPD a chur chun cinn, a chosaint agus a mhonatóiriú.

In 2017, áiríodh leis an obair sin comhairle a cuireadh ar an rialtas agus ar an Oireachtas ar dhréachtreachtaíocht a fhoilsiú, bualadh go díreach leis an Aire Stáit le freagracht speisialta as Saincheisteanna Míchumais, agus an gá le daingniú a tharraingt anuas ag comhlachtaí monatóireachta Conartha Idirnáisiúnta.

## Rannpháirtíocht straitéiseach sa phróiseas reachtaíochta

Tá sainordú reachtúil ag an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar thograí reachtúla agus tuairisc a thabhairt ar a dhearcthaí maidir le haon impleachtaí do chearta an duine nó comhionannas in Éirinn.

Rinne an Coimisiún idirghabháil ar chúig phíosa de dhréachtreachtaíocht in 2017, agus rinne sé monatóireacht ar dhul chun cinn billí ina dhiaidh sin tríd an Oireachtas (na Tithe Parlaiminte).

**An Bille um Míchumas (Forálacha Ilghnéitheacha)**

I ndiaidh fhoilsiú *an Bhille um Míchumas (Forálacha Ilghnéitheacha)* chuir an Coimisiún a bhreathnuithe forlíontacha ar an mBille ar fáil do Chomhaltaí an Oireachtais i mí Eanáir 2017.

Thóg na breathnuithe sin ar na breathnuithe reachtaíochta níos luaithe ar Scéim Ghinearálta an Bhille um Míchumas (Forálacha Ilghnéitheacha) / um Chomhionannas. Díríodh go sonrach ar thograí reachtaíochta atá fós le réiteach a fhoilsiú, teidil an Bhille, agus an toimhde chun bheith inniúil le fónamh ar ghiúiré. I measc nithe eile, dúirt an Coimisiún gur cheart freastal réasúnta a sholáthar chun an rannpháirtíocht is fearr is féidir a chinntiú do sheirbhís ghiúiré.

**An Bille um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta)**

I mí Feabhra 2017, d'fhoilsigh an Coimisiún a chomhairle agus a mholtaí inar tarraingíodh aird ar na bearnaí sa chosaint d'íospartaigh na coireachta, agus mhol sé athrú reachtaíochta. Cuireadh an scrúdú ar thograí reachtaíochta ar an mBille um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2016, ar fáil don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus do Chomhaltaí uile an Oireachtais, chun bonn eolais a chur faoin bpróiseas reachtaíochta.

Leag na moltaí béim ar an ngá mór atá lena chinntiú go gcuirtear cosaintí agus tacaíochtaí d'íospartaigh na coireachta ar bhonn reachtúil, mar a éilítear faoi dhlí an Aontais Eorpaigh. Leag an Coimisiún béim faoi leith ar an ngá atá le tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh na coireachta nuair atá coireanna á dtuairisciú, go mbeadh rochtain phras acu ar an nuacht is deireanaí faoina gcásanna, agus go gcuirfí cosaint ar fáil dóibh siúd is mó a bhíonn thíos le híospairt leantach, leanaí agus íospartaigh foréigean teaghlaigh ina measc. Tharraing an Coimisiún aird ar an ngá atá le Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le hÍospartaigh a thrasuíomh, ina leagtar amach na híoschaighdeáin cosaintí, agus a raibh an spriocdháta lena aghaidh i mí na Samhna 2015.

**An Bille um Fhoréigean Baile**

Foilsíodh *an Bille um Fhoréigean Baile, 2017* i mí Feabhra 2017. Is é bunaidhm an Bhille an dlí reatha sa réimse seo a chomhdhlúthú agus gnéithe den dlí a leasú, ionas go gcomhlíonfar Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) nuair a dhaingnítear é.

Ag éirí as anailís a rinneadh ar an Scéim Ghinearálta agus ar an mBille féin, thug an Coimisiún breathnuithe i mí Feabhra 2017 do Chomhaltaí an Oireachtais agus tharraing a n-aird ar mholtaí an Choimisiúin i dtuarascáil CEDAW.

I measc na moltaí sin bhí go ndaingneodh an Stát Coinbhinsiún Iostanbúl, go dtreiseofaí tacaíocht d'íospartaigh foréigean teaghlaigh, agus go méadófaí fáil ar chóiríocht éigeandála agus níos fadtéarmaí.

**An Bille Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha)**

Tugadh tuairimí an Choimisiúin ar *an mBille Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2017* don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí i mí Mheán Fómhair 2017. Áiríodh leis na moltaí an gá atá le slándáil agus cosaint níos mó a thabhairt tríd an reachtaíocht seo dóibh siúd atá ag gabháil do 'obair neamhchinnte' mar a thugtar air. Mar gheall ar easpa uaireanta oibre sonraithe agus cinnte agus soláthar conarthaí a luann líon uaireanta an chloig atá níos lú ná an líon a oibrítear i ndáiríre, bíonn éiginnteacht ioncaim ann, cuirtear srian ar an gcumas atá ag an oibrí saol an teaghlaigh a eagrú, cúram leanaí ina measc, agus cuirtear bac ar an gcumas atá ag an oibrí iasachtaí agus morgáistí a fháil.

**An Bille um Chomhionannas (Forálacha Ilghnéitheacha)**

Chuir an Coimisiún a bhreathnuithe ar an mBille um Chomhionannas (Forálacha Ilghnéitheacha), 2017 faoi bhráid Chathaoirleach an Chomhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas i mí

na Nollag 2017. Tá an Bille leis na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta a leasú chun idirdhealú ar bhonn cúlra sóisialta agus eacnamaíoch duine a chosc. Mhol an Coimisiún go n-athrófaí an dlí chun a chinntiú nach ndéantar idirdhealú ar dhaoine mar gheall ar a stádas socheacnamaíochta.

## Cur le comhairliúcháin náisiúnta, forbairt beartas agus cur i bhfeidhm straitéisí a bhaineann le straitéis an Choimisiúin

### An Tionól Saoránach

I mí na Bealtaine 2017 rinne an Coimisiún aighneacht fhoirmiúil leis an Tionól Saoránach, bunaithe ar a bhéim ar na deiseanna agus dúshláin a chruthaíonn daonra atá ag dul in aois. Ba é príomhchuspóir na haighneachta sin eolas a thabhairt a bhaineann le comhionannas agus cearta daoine níos sine.

I ndiaidh na haighneachta i scríbhinn sin, thug Cathaoirleach an Tionóil Saoránach cuireadh don Choimisiún labhairt lena chomhaltaí na 8 Iúil, agus labhair go sonrach faoi chúinsí chearta an duine agus comhionannais a bhaineann le pinsin, ioncam agus scor.

### Cóiríocht Éigeandála do Theaghlaigh atá gan Dídean

Tharraing an Coimisiún a imní anuas maidir le soláthar cóiríocht éigeandála, ag díriú go sonrach ar fhorbairt na "mol teaghlach" agus thug sé rabhadh go raibh easpa dídine teaghlach á normalú.

Foilsíodh moltaí an Choimisiúin don Rialtas i mí Iúil i ráiteas beartais ar '*The provision of emergency accommodation to families experiencing homelessness*'. Leag an Coimisiún béim ar an ngá atá le díriú ar dhínit an duine, agus an gá atá le luachanna an Bhunreachta d'fhéinriail agus príobháideachas daoine atá gan dídean a chur ag croílár soláthar cóiríochta oiriúnaí do theaghlaigh, i dteannta thábhacht Bunreachtúil chearta an linbh.

Mhol an Coimisiún leasuithe reachtaíochta le hAcht na dTithe chun an t-am a chaithfeadh teaghlach i gcóiríocht éigeandála a shrianadh go trí mhí, agus d'iarr sé ar an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil cóiríocht éigeandála a rialáil ionas go n-áireofaí foráil do rochtain an teaghlaigh ar shaoráidí agus uirlisí cócaireachta, limistéir spraoi, seomra teaghlaigh, agus go léireofaí meas ar cheart teaghlaigh chun neamhspleáchais agus príobháideachais.

Agus na moltaí á dtabhairt chun cinn, bhuail an Coimisiún le teaghlaigh atá gan dídean agus atá ina gcónaí i moil teaghlaigh.

### An Comhchoiste Oireachtais ar an Ochtú Leasú ar an mBunreacht

I mí Dheireadh Fómhair, d'fhoilsigh an Coimisiún cáipéis beartais ar '*Human rights and equality considerations in the development of a new legislative and regulatory framework on abortion*'. Tháinig an Coimisiún os comhair an Chomhchoiste Oireachtais ar an Ochtú Leasú ar an mBunreacht, agus thug sé breac-chuntas ar na prionsabail a mheas sé a chuirfeadh an bonn eolais is fearr faoi chreat leasaithe dlíthiúil agus rialála chun rochtain ar ghinmhilleadh in Éirinn a rialú.

### Straitéisí Náisiúnta

Ní féidir leis an gCoimisiún aighneachtaí a dhéanamh ar gach straitéis náisiúnta, ach cuireann sé leo ó am go chéile ar bhonn a thosaíochtaí straitéiseacha.

Chuir an Coimisiún leis na próisis comhairliúcháin a tharla roimh chur i gcrích agus seoladh Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach, Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní, agus Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Míchumas in 2017.

# TUISCINT AR DHOROINNTEACHT AN CHOMHIONANNAIS AGUS CHEARTA AN DUINE A CHUR CHUN CINN

**SA CHUID SEO:**

Promhadh ó thaobh Chearta an Duine agus an Chomhionannais ar an mBuiséad ........ 28
Cur le ceapadh beartas bunaithe ar fhianaise trí shonraí níos fearr ........ 28
An Comhchoiste a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta/Bhéal Feirste ........ 29
Feasacht, tuiscint agus tacaíocht le haghaidh cearta socheacnamaíocha a chur chun cinn ........ 30

# *‘Tacaíocht a chur chun cinn agus a thógáil do dhearcadh iomlánaíoch i leith chearta an duine, agus aird faoi leith ar chearta socheacnamaíocha’*

**Ráiteas Straitéise Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2016–2018**

Léirítear sa sprioc seo aitheantas ar idircheangailteacht an chomhionannais agus chearta an duine, agus an tábhacht a bhaineann le díriú ar chearta socheacnamaíocha a bhreisiú in Éirinn.

Faoin sprioc seo, leag an Coimisiún amach cuspóir chun feasacht, tuiscint agus tacaíocht le haghaidh cearta socheacnamaíocha a chur chun cinn.

Gné bhunúsach de sin is ea aitheantas a thabhairt don luach ar phróisis buiséadaithe fheabhsaithe le haghaidh chearta an duine agus an chomhionannais sa Stát.

Colún riachtanach eile den sprioc sin is ea cur le bailiú feabhsuithe sonraí ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas, chun cur le déanamh beartas níos fearr bunaithe ar fhianaise.

I rith 2017, thóg an Coimisiún céimeanna suntasacha i dtreo na gcuspóirí sin a bhaint amach.

## Buaicphointí ó 2017

Rinneadh Promhadh ó thaobh Chearta an Duine agus an Chomhionannais ar an mBuiséad a chur chun cinn agus a fhorbairt.

Cuireadh tús le clár taighde leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) chun sonraí feabhsaithe faoi chearta an duine agus comhionannas a fhorbairt, agus chun tacú le cinnteoireacht bunaithe ar fhianaise.

Foilsíodh tuarascáil mhór ar idirdhealú in Éirinn i mí na Samhna 2017.

Oibríodh le fógróir maoine a d’fhorbair modhanna chun fógraíocht idirdhealaitheach ar a shuíomh gréasáin a shainaithint, a mhonatóiriú agus a bhlocáil.

Scrúdaigh an Comhchoiste, a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta/Bhéal Feirste, tionchar an Bhreatimeachta ar chearta an duine agus ar chomhionannas ar oileán na hÉireann.

## Promhadh ó thaobh Chearta an Duine agus an Chomhionannais ar an mBuiséad

Leagadh amach tiomantas sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta go "[bh]forbróimid an próiseas díonta buiséad agus beartas mar bhealach chun comhionannas a chur chun cinn, bochtaineacht a laghdú agus neartú a dhéanamh ar chearta geilleagracha agus sóisialta." Thug Clár an Rialtais tiomantas eile d'úsáid a bhaint as an saineolas ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas chun tacú leis an bpróiseas díonta.

Chun tacú le hiarrachtaí chun promhadh ó thaobh chearta an duine agus an chomhionannais ar an mbuiséad a fhorbairt, le bliain anuas:

- d'oibrigh an Coimisiún le saineolaithe ar phromhadh an bhuiséid chun ábhar a tháirgeadh le haghaidh eagrán speisialta d'iris rochtana oscailte, '*Administration*', a foilsíodh i mí Lúnasa 2017 agus a dhírigh ar phromhadh ó thaobh chearta an duine agus an chomhionannais.
- phléigh an Coimisiún go sonrach leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar phromhadh ó thaobh an chomhionannais ar an mbuiséad a chuimsiú i gcreat caiteachais mheántéarmaigh na hÉireann.
- mhaoinigh an Coimisiún, faoi Scéim Deontas 2016, tionscadal de chuid Chomhairle Náisiúnta na mBan agus foilseachán ar '*Gender Responsive Budgeting*'.

Labhair an Coimisiún le Roghchoiste an Oireachtais um Fhormhaoirsiú Buiséid i mí Iúil 2017 den dara huair, mar chuid dá obair straitéiseach chun promhadh ó thaobh chearta an duine agus an chomhionannais ar an mbuiséad a chur chun cinn.

Baineadh garsprioc shuntasach amach ar Lá na Cáinaisnéise in 2017 nuair a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe páipéar beartais dar teideal '*Equality Budgeting: Proposed Next Steps in Ireland*'. Ag tagairt dó sin, thug an tAire Airgeadais aitheantas ina óráid faoin gcáinaisnéis don obair a rinneadh go dtí sin leis an gCoimisiún, agus thug sé tiomantas leanúint ar aghaidh ag obair leis an gCoimisiún ar phromhadh ó thaobh comhionannais agus inscne de.

## Cur le Ceapadh Beartas Bunaithe ar Fhianaise trí Shonraí Níos Fearr

In 2017, d'fhorbair an Coimisiún a 'Chlár Taighde um Chearta an Duine agus Comhionannas' leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI). Is é aidhm an chláir fianaise a sholáthar le haghaidh monatóireachta ar chomhionannas agus cearta an duine agus le haghaidh forbairt beartais i réimse an chomhionannais agus chearta an duine. Tabharfaidh an taighde aghaidh ar chomhionannas agus ar idirdhealú sna forais a chuimsítear i reachtaíocht um chomhionannas agus ar chearta an duine, agus béim faoi leith ar chearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha.

**Who experiences discrimination in Ireland?**

I mí na Samhna, d'fhoilsigh an Coimisiún agus ESRI an chéad tuarascáil taighde ón gclár dar teideal "*Who experiences discrimination in Ireland?*".

Léirítear sa tuarascáil taighde go dtuairiscíonn beagnach duine as gach ochtar in Éirinn go ndearnadh idirdhealú orthu sa dá bhliain roimhe sin. Tarraingíonn an staidéar ar shuirbhé mór a dhéanann ionadaíocht ar an náisiún ar fad agus a tógadh ó shonraí na Príomh-Oifige Staidrimh ó fhreagraí 15,000 duine fásta ar an Suirbhé Náisiúnta Líonta Tí Ráithiúil. Scrúdaítear sa staidéar taithí daoine ar idirdhealú ag an obair, i gcúrsaí earcaíochta agus ina rochtain ar sheirbhísí poiblí (oideachas, iompar, sláinte, seirbhísí poiblí eile) agus seirbhísí príobháideacha (tithíocht, bainc/cuideachtaí árachais, siopaí/tithe tábhairne/bialanna). Léiríodh go mbíonn an t-idirdhealú níos measa i measc grúpaí sonracha.

- Tá níos mó ná a dhá oiread de sheans ann go ndéanfar idirdhealú ar Dhaoine faoi Mhíchumas ná iad siúd nach bhfuil faoi mhíchumas i ngach réimse – ag an obair, i gcúrsaí earcaíochta agus ina rochtain ar sheirbhísí poiblí agus príobháideacha.
- I gcomparáid le freagróirí Geala Éireannacha, tá a thrí oiread níos mó de sheans ann go ndéanfar idirdhealú ar fhreagróirí Gorma san ionad oibre agus ina rochtain ar sheirbhísí poiblí, agus os cionn a cheithre oiread níos mó de sheans ann go ndéanfar idirdhealú orthu ina rochtain ar sheirbhísí príobháideacha.
- Tá beagnach a dheich n-oiread níos mó de sheans ann go ndéanfar idirdhealú ar an Lucht Siúil Éireannach ná an gnáthphobal agus iad ag lorg oibre, agus os cionn a 22 oiread níos mó de sheans ann go ndéanfar idirdhealú orthu ina rochtain ar sheirbhísí príobháideacha.
- Tá beagnach a dhá oiread de sheans ann go ndéanfar idirdhealú ar mhná i gcomparáid le fir ag an obair, agus tarraingíodh fadhbanna le pá agus ardú céime anuas go minic, cé nach bhfuil aon difríochtaí inscne sna réimsí eile.
- Is mó seans go ndéanfar idirdhealú ar an ngrúpa 45–64 bliana d'aois atá ag lorg oibre ná oibrithe níos óige, ach i seirbhísí príobháideacha is lú i bhfad an seans go ndéanfar idirdhealú ar dhaoine fásta níos sine, go háirithe iad siúd os cionn 65 bliana d'aois.
- Is mó seans go ndéanfar idirdhealú ar thuismitheoirí aonair nár phós riamh i seirbhísí poiblí agus príobháideacha ná daoine fásta singile nach bhfuil clann orthu.

**Cineál agus forleithne na cainte ciníche ar líne in Éirinn a fhiosrú**

I rith 2017, thacaigh an Coimisiún, leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn, le taighde trasdisciplíneach a rinne taighdeoirí in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Dhírigh an taighde sin ar chaint chiníoch ar líne a rianú agus a mhonatóiriú.

Tá an tionscadal le cur i gcrích in 2018 agus mhaoinigh sé forbairt uirlis thurgnamhach anailíse, ag úsáid léargas ón tsochaí shibhialta agus ó shaineolaithe i réimse cine, ciníochais agus fuathchainte. Is féidir leis an uirlis anailís a dhéanamh ar mheáin shóisialta chun breathnú ar chineál logánta na fuathchainte in Éirinn, na pobail ar a ndírítear, agus na himeachtaí a spreagann ábhar nimhneach ciníoch.

## An Comhchoiste a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta/Bhéal Feirste

Bunaíodh an Comhchoiste reachtúil faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta/Bhéal Feirste chun machnamh a dhéanamh ar shaincheisteanna chearta an duine ar oileán na hÉireann. Tionóladh an Coiste i mBaile Átha Cliath i mí an Mheithimh agus pléadh an Breatimeacht agus a impleachtaí do chearta an duine agus don chomhionannas i gcomhthéacs saincheisteanna trasdlínse.

Tá ionadaithe ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus ó Choimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine ar an gComhchoiste. Choimisiúnaigh an Comhchoiste staidéar taighde ar thionchair imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach, atá le cur i láthair in 2018.

Rinneadh ionadaíocht ar an gComhchoiste freisin ag imeachtaí an Idirphlé Shaoránaigh Uile-Oileáin ar an mBreatimeacht a tionóladh i rith 2017, agus ag idirphlé saoránach sonrach don earnáil ar impleachtaí féideartha an Bhreatimeachta do ghnéithe chearta an duine de Chomhaontú Aoine an Chéasta, a reáchtáladh in Ollscoil Mhá Nuad i mí Feabhra.

Toisc go bhfuil comhoibriú níos fearr riachtanach anois i ndiaidh reifreann na Ríochta Aontaithe, chuir Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas acmhainní breise ar leataobh chun tacú le hobair an Chomhchoiste in 2017.

## Feasacht, tuiscint agus tacaíocht le haghaidh cearta socheacnamaíocha a chur chun cinn

Ar aon dul lenár Ráiteas Straitéiseach, thug an Coimisiún tús áite do chur chun cinn agus do chosaint na gceart socheacnamaíoch, go háirithe an ceart chun tithíochta, agus tá an bhéim sin le feiceáil síos tríd ár bhfeidhmeanna reachtúla ar fad. Chuir an Coimisiún an ceart chun tithíochta chun cinn ar bhealaí éagsúla, ina measc:

- tarraingíodh tithíocht anuas inár dtuairisciú do na Náisiúin Aontaithe faoi CEDAW, agus faoi Chairt Shóisialta na hEorpa
- bíonn tithíocht agus easpa dídine ina gcuid shuntasach dár gcásobair dlí, cásanna cóiríochta don Lucht Siúil go háirithe
- d'úsáid an Coimisiún a chumhachtaí dlíthiúla chun cur i gcoinne fógraíocht idirdhealaithe a bhaineann le cóiríocht ar cíos
- d'oibrigh an Coimisiún le fógróir maoine chun modhanna praiticiúla a fhorbairt chun fógraíocht idirdhealaitheach ar a shuíomh gréasáin a shainaithint, a mhonatóiriú agus a bhlocáil
- leanaimid ar aghaidh ag tabhairt eolais don phobal a tharraing imní leanúnach anuas faoin idirdhealú a dhéantar ar dhaoine a fhaigheann an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta
- i ndiaidh dúinn ár ráiteas beartais a fhoilsiú – '*The provision of emergency accommodation to families experiencing homelessness*' – bhuail an Coimisiún leis an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Eoghan Murphy TD, chun moltaí le haghaidh athrú beartais agus athchóiriú dlí a phlé
- thugamar ár ndearcadh foirmiúil ar *an mBille um Chomhionannas (Forálacha Ilghnéitheacha), 2017*, a mholann 'stádas socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste' a chur isteach mar fhoras breise a gcoisctear idirdhealú ina leith

Dúirt an Coimisiún arís is arís eile go gcreideann sé gur cheart smaoineamh ar chosc a chur ar idirdhealú fostaíochta ar dhaoine a chónaíonn i gceantair ina bhfuil dúshláin shocheacnamaíochta faoi *na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta*.

Chinnteodh an cur chuige sin, nuair atá daoine ag lorg fostaíochta, go ndéantar measúnú ar an n-iarratais ar bhonn scileanna, cáilíochta agus cumais, seachas ar bhonn a gcúlra shóisialta nó a seolta poist.



*Raffaele Grotti (ESRI), Frances Mc Ginnitty (ESRI), Helen Russell (ESRI) agus Emily Logan (IHREC) ag foilsiú na tuarascála taighde "Who experiences discrimination in Ireland"*




*Tuarascáil taighde "Who experiences discrimination in Ireland"*



*Cruinniú an Chomhchoiste a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta/Bhéal Feirste.*



*Orla O'Connor (NWCI), an Dr Mary Murphy (IHREC) agus Laurence Bond (IHREC) ag labhairt faoi bhuiséadú a fhreagraíonn do chúrsaí inscne.*




*An Dr Mary Murphy, Emily Logan agus Laurence Bond ag labhairt leis an Roghchoiste um Fhormhaoirsiú Buiséid.*

# COMHIONANNAS AGUS CEARTA AN DUINE A CHUR I GCRÍCH

**SA CHUID SEO:**


Faisnéis faoi chearta an duine agus comhionanna sa dhéanamh infhaighte agus spéisiúil .... 34

Cúnamh dlí agus cúnamh eile .... 39

Torthaí dlíthíochta .... 39

Dea-chleachtas i gcearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn .... 43

***‘Beidh an Coimisiún tar éis dul chun cinn a bhaint amach i réimsí ríthábhachtacha chearta an duine agus an chomhionannais trí throid in aghaidh an idirdhealaithe agus trí chearta a chosaint, go háirithe cearta iad siúd is lú buntáiste’***

**Ráiteas Straitéise Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2016–2018**

Féachann gníomhaíocht an Choimisiúin faoin sprioc seo le hoideachas a chur ar an bpobal, iad a chur ar an eolas agus cabhrú leo, agus léiriú a thabhairt ar an gcaoi a mbíonn cúrsaí chearta an duine agus comhionannais ábhartha dá saol ó lá go lá. Tugann an Coimisiún faoi réimse leathan gníomhaíochtaí soláthair faisnéise, oideachais agus rannpháirtíochta leis an bpobal agus leis an tsochaí shibhialta.

Ní hamháin go mbaineann rannpháirtíocht le faisnéis a thabhairt, tugann sí deis don Choimisiún comhairliúchán a dhéanamh, agus foghlaim faoi thaithí agus dearcthaí daoine ar chearta an duine agus comhionannas. Ní hamháin go gcinntítear rannpháirtíocht bhríoch má leabaítear dea-chleachtais comhairliúcháin inár gcuid oibre, tugtar léargas an-luachmhar don Choimisiún freisin a chuireann le bunús ár gcuid oibre.

Ina theannta sin, bíonn an Coimisiún i mbun plé go díreach leis an bpobal chun tacaíocht agus cúnamh a thabhairt faoi chúrsaí chearta an duine agus comhionannais trínár líne phoiblí faisnéise agus, nuair is cuí, trí chúnamh dlí.

### Buaicphointí ó 2017

Cuireadh tús le feachtas feasachta poiblí mór chun feasacht a fhorbairt ar an idirdhealú nach bhfeictear in Éirinn, agus ról an Choimisiúin.

D’fhreastail na mílte duine ar 53 imeacht i spás nua imeachtaí an Choimisiúin ó osclaíodh é i mí Feabhra 2017.

Bunaíodh Coiste Comhairleach d’Oibrithe agus d’Fhostóirí, ar a bhfuil ionadaithe ó cheardchumainn agus comhlachtaí fostóra, chun comhairle a chur ar an gCoimisiún.

Chuaigh níos mó daoine i dteagmháil leis an gCoimisiún go díreach tríd an bhfoireann “Do Chearta”, agus chuathas i ngleic le 1,890 ceist in 2017.

Thug an Coimisiún cúnamh dlí, comhairle nó ionadaíocht dhlíthiúil do 72 dhuine.

## Faisnéis faoi chearta an duine agus comhionannas a dhéanamh infhaighte agus spéisiúil

Tá sainordú reachtúil ag an gCoimisiún tuiscint agus feasacht ar thábhacht chearta an duine agus an chomhionannais a chur chun cinn sa Stát.

D'oibrigh an Coimisiún chun ár gcumarsáid sheachtrach a neartú chun tuiscint agus feasacht an phobail agus an lucht polaitíochta ar chaighdeáin agus prionsabail chearta an duine agus comhionannais a mhéadú.

**Feachtas Feasachta faoi Idirdhealú**

Thug an Coimisiún faoi fheachtas feasachta poiblí i dtreo dheireadh 2017. Thóg an feachtas ar thorthaí na tuarascála a coimisiúnaíodh leis an ESRI, *"Who experiences discrimination in Ireland?"*, inar léiríodh go ndearnadh idirdhealú ar bheagnach duine as gach ochtar in Éirinn, agus go mbíonn an t-idirdhealú an-dona i measc grúpaí sonracha.

Thosaigh an feachtas feasachta poiblí seo ar an Lá Idirnáisiúnta um Chearta an Duine, an 10 Nollaig, agus bhí sé ar bun sna meáin chlóite, ar an raidió, ar iompar poiblí agus ar thaispeántais dhigiteacha lasmuigh agus ar líne.

Chuir an Feachtas tuiscint agus feasacht ar idirdhealú chun cinn, agus ar ról an Choimisiúin chun cearta an duine agus an comhionannas a chur chun cinn.

**Tacú leis an tsochaí shibhialta trí spás imeachtaí an Choimisiúin**

Osclaíodh spás imeachtaí inrochtana an Choimisiúin in 2017, spás atá lonnaithe ar urlár na talún dár n-oifigí ar Shráid na Faiche.

Tá rannpháirtíocht ina bhunluach atá mar bhonn agus taca ag ár n-obair. Tá éisteacht le dearcthaí an phobail agus tús a chur le comhráite ar chearta an duine agus comhionannas ina gcuid lárnach dár n-obair. Tá an spás seo ag tapú rannpháirtíocht dhíreach le réimse eagraíochtaí, grúpaí pobail agus daoine aonair.

Dearadh agus forbraíodh an spás mar acmhainn go príomha le haghaidh cruinnithe, imeachtaí, oiliúna, oideachais agus rannpháirtíochta a óstálann an Coimisiún.

Ach chuir an Coimisiún fáilte roimh an tsochaí shibhialta agus grúpaí seachtracha atá páirteach in earnáil chearta an duine agus an chomhionannais a dteastaíonn uathu an spás a úsáid. D'éascaigh sé sin idirghníomhaíocht shuntasach idir an Coimisiún agus ár gcomhghleacaithe sa tsochaí shibhialta.

D'osclaíomar an spás imeachtaí an 1 Feabhra 2017 agus cuireadh fáilte roimh thart ar

**2290 duine**

trínár ndoirse ag

**53 imeacht**

i rith na bliana.

Forbraíodh saoráid nua Changing Places freisin don spás atá go hiomlán inrochtana. Cuireann an tsaoráid leithris shaintógtha seo níos mó spáis agus an trealamh ceart ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus do chúramóirí chun aire a thabhairt do shláinteachas pearsanta, go sábháilte agus go compordach.

Tá níos mó i gceist le saoráid Changing Places ná gnáthleithreas atá inrochtana ag cathaoir rothaí, toisc go bhfuil teicneolaíocht oiriúnaitheach bhreise ann: crochán ardaithe, binse athraithe atá mór go leor do dhuine fásta agus ar féidir a airde a athrú, leithreas agus báisín ar féidir a airde a athrú

**Seimineár le Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe ar an gCeart chun Príobháideachais**

An 5 Aibreán, reáchtáil an Coimisiún seimineár oíche le Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe ar an gCeart chun Príobháideachais, an tOllamh Joseph Cannataci, dar teideal *"Government Surveillance Attitudes from a National and International Perspective."*

## An feachtas feasachta faoi idirdhealú in 2017

# We can't give you an interview!

**Almost one in eight people in Ireland have experienced discrimination.**

Source: "Who experiences discrimination in Ireland?" IHREC/ESRI 2017

The Irish Human Rights and Equality Commission is Ireland's independent statutory body tasked with promoting and protecting human rights and equality.

www.ihrec.ie

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

**For Human Rights and Equality. For All.**

# You can't come in here!

**Almost one in eight people in Ireland have experienced discrimination.**

Source: "Who experiences discrimination in Ireland?" IHREC/ESRI 2017

The Irish Human Rights and Equality Commission is Ireland's independent statutory body tasked with promoting and protecting human rights and equality.

www.ihrec.ie

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

**For Human Rights and Equality. For All.**

**Q. What happens everyday but you might not hear it?**

**A. Discrimination.**

**People with disabilities are over twice as likely to experience discrimination.**

**Q. What's always there but you might not see it?**

**A. Discrimination.**

**Women are almost twice as likely to experience discrimination at work.**













*Foireann an Choimisiúin ag seastán taispeántais i rith an Chomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta, Meán Fómhair 2017*



*Bernie Bradley (ar chlé) agus Sheena Madden (ar dheis) ag ceiliúradh bhronnadh a gcéime ón gcéad Dioplóma i gCearta an Duine agus Comhionannas leis an bPríomh-Choimisinéir Emily Logan (sa lár)*



*Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe ar an gCeart chun Príobháideachais, an tOllamh Joseph Cannataci, ag labhairt ag seimineár an Choimisiúin dar teideal "Government Surveillance Attitudes from a National and International Perspective", Aibreán 2017*

Thug an Coimisiún tacaíocht freisin don Ollamh Cannataci chun tabhairt faoi chruinnithe ardleibhéil mar chuid dá chuairt tíre ar Éirinn agus chomhordaigh sé agallaimh sna meáin do Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe.

**An Coiste Comhairleach d'Oibrithe agus d'Fhostóirí bunaithe**

Tionóladh an chéad chruinniú den Choiste Comhairleach d'Oibrithe agus d'Fhostóirí i mí an Mhárta. Bunaíodh an Coiste mar choiste comhairleach faoi Alt 18 den *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014*, chun comhairle a chur ar an gCoimisiún ar chúrsaí a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas san ionad oibre, agus soláthar inseirbhíse.

Tá ionadaithe ar oibrithe agus fostóirí a d'ainmnigh Comhdháil na gCeardchumann (ICTU) agus Ibec ar an gCoiste Comhairleach. Cuirfidh an Coiste comhairle ar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi shaincheisteanna a leagtar amach i Ráiteas Straitéise 2016–2018 an Choimisiúin go háirithe. Áirítear leis an mbéim sin deireadh a chur le hidirdhealú agus cearta a chur chun cinn, agus comhoibriú láidir a bhunú le hoibrithe agus le grúpaí fostóra chun cearta an duine agus comhionannas a spreagadh.

**Cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn trí rannpháirtíocht dhigiteach**

Fógraíodh gur bhuaigh suíomh gréasáin an Choimisiúin, www.ihrec.ie, an Gradam do Dhearadh Uilíoch ag Gradaim Ríomhsheirbhísí Rialtas na hÉireann i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí na Bealtaine 2017. Bhí go leor daoine ag féachaint ar an suíomh gréasáin, agus tugadh beagnach 350,000 cuairt air in 2017.

Leathnaigh an Coimisiún a rannpháirtíocht dhigiteach freisin trí fheachtais spriocdhírithe a fhorbairt do na meáin shóisialta, agus úsáid mhéadaithe a bhaint as físeán agus grafaicí faisnéise.

Tríd an ábhar ilmheán breise sin, agus cumarsáid leanúnach laethúil ar na meáin shóisialta trí Twitter agus LinkedIn, mhéadaigh líon na ndaoine a leanann an Coimisiún ar na meáin shóisialta i rith 2017.

**Faisnéis Phoiblí**

Trína sheirbhís faisnéise poiblí, 'Do Chearta', cuireann an Coimisiún faisnéis ar fáil do dhaoine aonair ar na cearta, na leigheasanna agus na hoibleagáidí a bhforáiltear dóibh faoi dhlí chearta an duine agus faoi dhlí comhionannais in Éirinn. Áirítear leo sin *na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2015, na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015, Alt 19 den Acht Deochanna Meisciúla, 2003, na hAchtanna fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003–2014* agus Bunreacht na hÉireann.

# Do Chearta

**1890**

**fiosrú a pléadh in 2017**

**550**

**a bhain leis na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2015**

*Na forais chosanta is mó a tháinig chun cinn:*

**27%** An foras míchumais

**23%** An foras cúnamh tithíochta

**17%** An foras cine

**359**

**a bhain leis na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015**

*Na forais chosanta is mó a tháinig chun cinn:*

**31%** An foras míchumais

**19%** An foras cine

**18%** An foras cine

**231**

**a bhain le cearta an duine**

*Na saincheisteanna is mó a tháinig chun cinn:*

**16%** Easpa dídine agus Tithíocht Shóisialta

**15%** Príobháideachas, saol teaghlaigh, baile agus comhfhreagras

**14%** Leigheasanna

**750**

**750 atreorú chuig eagraíochtaí eile**

**Tá miondealú ar na ceisteanna a fuair foireann 'Do Chearta' in aguisín 8**

## Cúnamh dlí agus cúnamh eile


Áirítear le cumhachtaí dlíthiúla an Choimisiúin comhairle a sholáthar agus le tabhairt faoi dhlíthíocht faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015, na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2015, na hAchtanna fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003–2014, agus níos ginearálta, le cearta an duine agus comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn faoi dhlí bunreachtúil intíre agus idirnáisiúnta chearta an duine.

Féadfaidh an Coimisiún, i gcúinsí áirithe, ionadaíocht nó comhairle dlí a thabhairt do dhuine a dteastaíonn uaidh cás a bhaineann le cúrsaí comhionannais nó chearta an duine a thabhairt os comhair an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre nó na gCúirteanna.

Nuair atá cinneadh á dhéanamh cúnamh a thabhairt i gcás faoi leith, faigheann an Coimisiún treoir faoi na forálacha a leagtar amach in alt 40 den Acht fán gCoimisiún, 2014 agus breithnítear cúinsí ar nós an dtarraingíonn an cás anuas ceist prionsabail nó an mbeadh sé míréasúnta a bheith ag súil go rachadh duine i ngleic leis an gcás gan cúnamh mar gheall ar chastacht an cháis.

## Cúnamh dlí

I rith 2017:




- fuair **39** iarratasóir comhairle dlí
- fuair **33** iarratasóir ionadaíocht dhlíthiúil
- diúltaíodh cúnamh dlí do **34** iarratasóir
- tharraing **seisear** iarratasóirí a n-iarratas ar chúnamh dlí siar

## Comhairle dlí

I rith 2017 críochnaíodh seacht gcás ina raibh an Coimisiún ag soláthar comhairle dlí do dhaoine aonair.

Faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2015, thug an Coimisiún comhairle dlí:

- Ar an bhforas míchumais maidir le cás tithíochta
- Ar an bhforas Lucht Siúil, dhá chás a bhain le seirbhísí oideachais
- Ar an bhforas Lucht Siúil, maidir le rochtain ar sheirbhísí oideachais
- Ar an bhforas míchumais, maidir le rochtain ar fhaoiseamh cánach dá bhforáiltear faoi scéim reachtúil

Faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998–2015, thug an Coimisiún comhairle dlí:

- Ar an bhforas míchumais, inscne agus stádas teaghlaigh, maidir le hoibrí a bhí ag súil

Maidir le Cearta an Duine, thug an Coimisiún comhairle dlí:

- Maidir leis an gcaoi ar phléigh Comhlacht Poiblí le gearán agus an t-imscrúdú a rinne sé ina dhiaidh sin ar an ngearán céanna

## Ionadaíocht dhlíthiúil

Sholáthair an Coimisiún ionadaíocht dhlíthiúil i ndeich n-imeacht a cuireadh i gcrích in 2017. Déantar cur síos ar thorthaí na n-imeachtaí sin anseo thíos:

## Torthaí dlíthíochta

### Idirdhealú ar bhonn inscne

*Úsáideoir Seirbhíse v. Aerlíne*

Sholáthair an Coimisiún ionadaíocht dhlíthiúil d'úsáideoir seirbhíse ('an Gearánach') a mhaígh gur ciapadh í agus go ndearnadh idirdhealú uirthi laistigh de bhrí na nAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2015 ar fhoras inscne maidir leis na seirbhísí a chuireann an aerlíne ar fáil in Aerfort Bhaile Átha Cliath a rochtain.

Mhaígh an Gearánach, a chuir eitilt in áirithe leis an aerlíne, gur iarr foireann na haerlíne uirthi sula ndeachaigh sí ar bord an eitleáin bogadh ón suíochán a sannadh di, chun freastal ar chreidimh reiligiúnacha beirt fhear ar sannadh na suíocháin in aice léi dóibh agus nár theastaigh uathu suí in aice le bean.

Rinne an Gearánach gearán leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. Thángthas ar shocrú ar an gcás a shásaigh na páirtithe ar fad i ndiaidh próiseas idirghabhála a d'éascaigh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.

## Idirdhealú ar bhonn míchumais

*Úsáideoir Seirbhíse v. Soláthraithe Seirbhísí*

Sholáthair an Coimisiún ionadaíocht dhlíthiúil do chustaiméir árachais i gcás faoi idirdhealú ar bhonn míchumais, a bhain le galar ainsealach, faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann i gcoinne soláthraithe éagsúla seirbhísí poiblí agus príobháideacha. Thángthas ar shocrú ar an gcás a shásaigh na páirtithe ar fad i mí Aibreáin 2017.

## Cearta daoine faoi mhíchumas

*Kim Cahill v. an Aire Oideachais agus Eolaíochta*

Sholáthair an Coimisiún ionadaíocht dhlíthiúil do Kim Cahill ina hachomharc leis an gCúirt Uachtarach. Dhírigh an cás seo go sonrach ar raon feidhme an dualgais freastal réasúnta a dhéanamh ar dhaoine faoi mhíchumas.

Thug Kim Cahill faoin Ardteistiméireacht in 2001 agus fuair sí díolúine a bhí bunaithe ar an measúnú ar ghnéithe litrithe agus gramadaí in ábhair teanga de bharr a disléicse, agus air sin amháin. Ach nuair a eisíodh a hArdteistiméireacht, bhí nóta mínithe air a dhearbhaigh nach ndearnadh measúnú ar pháirteanna áirithe den scrúdú, a nocht go raibh sí faoi mhíchumas. Bhraith sí gurbh iompar idirdhealaitheach is lú fabhar ab ea sin, agus teip freastal réasúnta a chur ar fáil.

Sheas an Binse Comhionannais (a tógadh isteach faoin gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre) le gearán bunaithe an Uasail Cahill, agus d'ordaigh sé go n-íocfadh an tAire €6,000. Ach rinne achomharc ar an gcinneadh sin ina dhiaidh sin, tríd an gCúirt Chuarda agus an Ard-Chúirt, go dtí an Chúirt Uachtarach.

Thug an Chúirt Uachtarach a breithiúnas an 24 Bealtaine 2017 inar soiléiríodh an dualgas chun freastal réasúnta a dhéanamh faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann, agus dhearbhaigh sí go bhfuil an tAire Oideachais agus Eolaíochta faoi réir an cheanglais freastal réasúnta a chur ar fáil i soláthar seirbhísí oideachais faoin Acht Oideachais, 1998.

Chinn an Chúirt Uachtarach, bunaithe ar an bhfianaise, nár sáraíodh an dualgas agus thug sí aitheantas don iarracht mhór a bhain leis "na saincheisteanna seo atá thar a bheith tábhachtach", mar a dúirt sí, a thabhairt chun cinn.

## Cearta daoine faoi mhíchumas

*Siobhán Stack v. an Aire Oideachais agus Eolaíochta*

Tarraingíodh an cás siar ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, ar threoir an chliaint, i bhfianaise bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí in Cahill v. an Aire Oideachais agus Eolaíochta, a phléigh le cás cosúil leis.

## Ciapadh san ionad oibre

*Oifigeach Príosúin v. an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais*

Sholáthair an Coimisiún ionadaíocht dhlíthiúil d'oifigeach príosúin maidir le gearán a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998–2015.

Mhaígh an fear go raibh príosúnaigh ag tabhairt drochíde chiníoch dó go leanúnach. I ndiaidh dó eachtraí sonracha ciníocha a thuairisciú, níor chuir na smachtbhannaí a gearradh

faoi imeachtaí disciplín an phríosúin bac ar thuilleadh eachtraí. Ghlac an fear le saoire bhreoiteachta, agus i ndiaidh dó filleadh ar an obair, tugadh dualgais dó nár bhain leis an bpríosúnaigh. Mhaígh sé gur phionós ab ea sin as na gearáin a dhéanamh.

Dhiúltaigh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre do chás an oifigigh príosúin ina chinneadh an 7 Meitheamh 2017; chinn an Coimisiún sin go raibh gnás i bhfeidhm chun dul i ngleic le heachtraí drochúsáide agus ionsaithe ar oifigigh príosúin a rinne príosúnaigh, gur glacadh gníomh chun dul i ngleic leis an gciapadh mar shárú disciplín faoi rialacha an phríosúin, agus nach ndearnadh idirdhealú díreach ná indíreach ar an oifigeach príosúin.

Rinneadh achomharc ar an gcás leis an gCúirt Oibreachais.

## Ciapadh ciníoch

*Fostaí v. Fostóra san Earnáil Phoiblí*

Rinne an Coimisiún ionadaíocht dhlíthiúil ar fhostaí san earnáil phoiblí os comhair an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre maidir le gearán faoi chiapadh ciníoch tríú páirtí faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta. Mhaígh an fostaí go raibh úsáideoirí seirbhíse a fostóra ag déanamh ciapadh ciníoch uirthi in imeacht na mblianta.

Thángthas ar shocrú ar an gcás a shásaigh na páirtithe ar fad i mí an Mheithimh 2017 i ndiaidh próiseas idirghabhála a d'éascaigh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.

## Idirdhealú ar bhonn aoise agus stádas teaghlaigh

*Fostaí v. Gníomhaireacht Stáit*

Sholáthair an Coimisiún ionadaíocht dhlíthiúil d'fhostaí a bhí os comhair an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre i gcás tábhachtach faoi idirdhealú ar bhonn aoise agus stádas teaghlaigh in aghaidh gníomhaireacht Stáit agus roinn rialtais.

Mhaígh an fostaí, toisc nach raibh cead aici leanúint ar aghaidh ag obair agus í 65 bliana d'aois, bhí idirdhealú á dhéanamh uirthi ar fhoras aoise faoi alt 8 de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta.

Mhaígh an fostaí idirdhealú freisin ar fhoras stádas teaghlaigh toisc gur diúltaíodh dá hiarratas leanúint ar aghaidh ag obair agus í 65 bliana d'aois ar an mbunús nach bhfuil aon chleithiúnaigh aici agus, chuige sin, nár tháinig sí faoi na critéir a leagtar amach i gCiorclán 13/1975 ón Rialtas, a thugann treoir maidir le státseirbhísigh a choinneáil i ndiaidh na teorann aoise éigeantaí.

Tarraingíodh siar an cás an 19 Iúil 2017 de bhua comhaontú go leanfadh an fostaí ar aghaidh ag obair i ndiaidh a haoise scoir conartha agus reachtúla, 65 bliana d'aois, agus go mbeadh sé de cheart aici iarratas a dhéanamh ar shíneadh eile ina dhiaidh sin.

## Idirdhealú ar bhonn Lucht Siúil

*Teaghlach v. Chomhairle Chontae Dhún na nGall*

Sholáthair an Coimisiún ionadaíocht dhlíthiúil do theaghlach Lucht Siúil in imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh i gcoinne Chomhairle Chontae Dhún na nGall.

I ndiaidh sheoladh na n-imeachtaí san Ard-Chúirt, d'aontaigh Comhairle Chontae Dhún na nGall i mí Mheán Fómhair 2017 le hordú a cinneadh bunaidh a chur ar neamhní. Sa chinneadh bunaidh sin, cuireadh siar tacaíocht tithíochta don teaghlach, a raibh beirt leanaí le riachtanais thromchúiseacha leighis ann, agus atá ina gcónaí sa chontae gan áiseanna bunúsacha, uisce reatha ina measc. D'aontaigh an Chomhairle freisin athbhreithniú a dhéanamh ar iarratais an teaghlaigh ar thithíocht shóisialta.

Dhírigh an agóid dhlíthiúil ar chinneadh na Comhairle iarratas tithíochta an teaghlaigh a chur siar, agus béim ar an bpróiseas cinnteoireachta, lena n-áirítear an chaoi a ndearnadh an cinneadh gan aon deis a thabhairt don teaghlach ionchur a dhéanamh

sa chás. Mhaígh an teaghlach go raibh cur siar na tithíochta díréireach agus go raibh drochthionchar aige ar chearta a leanaí, ar nós a gceart chun sláine colainne, chun dínite, chun saoirse ó choinníollacha táireacha, chun cothú agus tacaíochta laistigh de struchtúr an teaghlaigh, agus chun oideachais.

## Idirdhealú ar bhonn Lucht Siúil

*Iarratasóirí v. Tábhairneora*

Sholáthair an Coimisiún ionadaíocht dhlíthiúil do ghrúpa fear ón Lucht Siúil, i leith eachtra inar diúltaíodh seirbhís dóibh in áitreabh ceadúnaithe. Bhí an grúpa ag freastal ar chúrsa um chearta an duine agus, ag deireadh an lae, shocraigh siad deoch a ól i dteach tábhairne a bhí in aice láimhe. Chuaigh siad isteach sa teach tábhairne, agus chuaigh siad suas go dtí an beár ina mbeirteanna, ach dhiúltaigh foireann an bheáir deoch a thabhairt dóibh agus dúirt nach raibh ach custaiméirí rialta in ann ól ann an oíche sin.

Thug na daoine aonair a bhí i gceist cás le chéile os comhair na Cúirte Dúiche faoin Acht Deochanna Meisciúla, 2003.

Socraíodh an cás roimh éisteacht i mí na Samhna 2017; d'aontaigh an t-áitreabh ceadúnaithe €6,000 a íoc mar chúiteamh le gach duine de na fir, agus íocaíocht €500 eile le gach duine, a bhí le bronnadh ar charthanas a roghnóidís. Ba choinníoll eile den socrú go bhfreastalódh an fhoireann a bhí páirteach san eachtra ar chúrsa oiliúna comhionannais.

## Idirdhealú ar bhun cúnamh tithíochta

*Iarratasóir v. Cuideachta Theoranta*

Sholáthair an Coimisiún ionadaíocht dhlíthiúil do bhean ina hagóid rathúil i gcoinne idirdhealú faoin bhforas cúnamh tithíochta i soláthar cóiríochta sna hAchtanna um Stádas Comhionann.

Dhírigh an cás ar thaithí na mná ag breathnú agus ag iarraidh maoin a chinntiú lena fáil ar cíos i mí an Mhárta 2016. Agus iad ag plé na maoine, dúirt an bhean leis an ngníomhaire eastáit go raibh an forlíonadh cíosa á fháil aici.

D'iarr an gníomhaire eastáit labhairt le Oifigeach Leasa Pobail na mná. Dúirt an gníomhaire, i gcomhrá, nach mbeadh sé sásta an mhaoin a choinneáil fad is a bhí iarratas na mná ar fhorlíonadh cíosa á phróiseáil, ná an mhaoin a chur ar leataobh di, cé gur deimhníodh dó go n-íocfadh an Roinn Coimirce Sóisialaí an éarlais freisin. I gcomhrá amháin, dúirt an gníomhaire eastáit "Tá daoine thíos staighre agam atá sásta airgead tirim a íoc."

I mí na Samhna 2017, chinn an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre go ndearnadh idirdhealú díreach ar an mbean faoin bhforas cúnamh tithíochta, agus d'ordaigh sé go n-íocfaí €2,500 léi mar chúiteamh. D'ordaigh an Coimisiún sin freisin go gcuirfí an oiliúint cheart agus chuí faoi fhorálacha uile na nAchtanna um Stádas Comhionann ar na fostaithe ar fad a oibríonn mar ghníomhairí eastáit na cuideachta.

## Gníomhaíochtaí dlí eile

Tharchuir an Coimisiún dhá ghearán faoi fhógraíocht idirdhealaithe chuig Stiúrthóir an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (ar fhorais cúnamh tithíochta, teaghlaigh agus aoise) in 2016. Thángthas ar shocrú ar cheann de na cásanna sin in 2017 a shásaigh an Coimisiún, agus tá an ceann eile ar feitheamh.

**Creidiúnú Lexcel Bronnta ar an gCoimisiún**

I ndiaidh iniúchadh neamhspleách, i mí Lúnasa 2017, d'éirigh leis an bhfoireann Dlí lena hiarratas ar chreidiúnú faoi 'Chaighdeán Lexcel' idirnáisiúnta a bhaineann le bainistíocht cleachtais agus cúram cliant. Bronnann Dlí-Chumann Shasana agus na Breataine Bige 'Caighdeán Lexcel'.

Cé gur bhain líon beag gnólachtaí dlí Éireannacha an caighdeán amach, is é an Coimisiún an chéad seirbhís dlí inmheánach, agus an chéad chomhlacht san earnáil phoiblí in Éirinn, a bhain an marc cáilíochta seo amach.

Bhí dian-athbhreithniú roimh ré ar chórais, beartais agus gnásanna na foirne san iniúchadh, chomh maith le measúnú lae ar an láthair a rinne measúnóir neamhspleách ina dhiaidh sin. Tá an creidiúnú bailí ar feadh trí bliana, go dtí mí Lúnasa 2020. Déantar measúnaithe 'cothabhála' gach bliain go dtí sin.

## Dea-chleachtas i gcearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn

Is uirlis bhunúsach agus riachtanach é an t-oideachas chun cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn.

Ar aon dul le plean straitéiseach an Choimisiúin, in 2017, díríodh gníomhaíochtaí oideachais an Choimisiúin, go háirithe, ar inniúlacht gairmithe san earnáil phoiblí a neartú i gcás dhualgas na hearnála poiblí um chomhionannas agus cearta an duine, agus ar thacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun saineolas chearta an duine agus comhionannais a fhorbairt.

### Dioplóma Gairmiúil i gCearta an Duine agus Comhionannas

Ba é 2017 an dara bliain den Dioplóma Gairmiúil i gCearta an Duine agus Comhionannas, a d'fhorbair an Coimisiún i gcomhar leis an bhForas Riaracháin agus atá á chreidiúnú ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Freastalaíonn an cúrsa bliana ar na saincheisteanna sonracha a bhíonn os comhair fostaithe sa tseirbhís phoiblí in Éirinn chun comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus meas a léiriú ar chearta an duine.

Sa dara bliain seo, chuir 37 mac léinn nua tús lena staidéar. Bhí deichniúr a fuair sparánacht an Choimisiúin ina measc siúd.

Bronnadh sparánachtaí 2017 ón gCoimisiún ar dhaoine a léiríonn réimse cúlraí gairmiúla agus suíomhanna tíreolaíochta, agus tháinig siad ó na comhlachtaí poiblí agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta seo a leanas:

- Clanna Shíomóin na hÉireann
- Comhairle um Inimircigh na hÉireann
- Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill
- Ag Foghlaim le Chéile
- Coláiste na hOllscoile Corcaigh
- An tSeirbhís Phromhaidh
- An Garda Síochána
- An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais – an Rannán Comhionannais agus Imeasctha
- Comhairle Cathrach Chorcaí
- An Roinn Coimirce Sóisialaí

Bronnadh na chéad chéimeanna ón gcúrsa Dioplóma Ghairmiúil in 2017 freisin, agus fuair na céimithe a nDioplómaí ó UCD.

### Oideachas Spriocdhírithe Chearta an Duine agus Comhionannais

Chuir an Coimisiún Oiliúint d'Oifigigh Imirce ar fáil freisin in 2017 thar chúig sheisiún leathlae. Thug 89 nOifigeach Imirce nua-earcaithe in Aerfort Bhaile Átha Cliath faoin oiliúint.

Díríodh san oiliúint ar thuiscint ghinearálta a thabhairt ar chearta an duine agus comhionannas, agus chuir sé ar chumas na rannpháirtithe feasacht a fhorbairt ar chreata chearta an duine agus comhionannais ar leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus tuiscint ghinearálta a fháil ar impleachtaí praiticiúla chearta an duine agus comhionannais trí chleachtaí praiticiúla.

# ÉAGSÚLACHT AGUS TUISCINT IDIRCHULTÚRTHA

**SA CHUID SEO:**

Cosaint idirnáisiúnta ..... 46
Eitneacht Lucht Siúil a aithint ..... 46
Tacú le tionscnaimh ar an idirchultúrachas agus éagsúlacht ..... 48

*‘Beidh an Coimisiún, trí shraith idirghabhálacha dearfacha, tar éis aitheantas an phobail d’éagsúlacht agus do chaidrimh idirchultúrtha mar ghné dhearfach i saol na hÉireann a bhreisiú.’*

**Ráiteas Straitéise Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2016–2018**

Tá tuiscint idirchultúrtha agus dea-chleachtas i gcaidrimh idirchultúrtha sa Stát a spreagadh ar cheann d’fheidhmeanna reachtúla an Choimisiúin.

Ba é 2017 an dara bliain dár bplean straitéiseach trí bliana, agus d’fhéach an Coimisiún le tabhairt faoi rannpháirtíocht ghníomhach ar fud ár gcláir oibre le grúpaí éagsúla i sochaí na hÉireann, fad is a labhraíomar go neamhbhalbh faoi réimse saincheisteanna atá lárnach do thuiscint idirchultúrtha a bhaint amach go fadtéarmach in Éirinn.

**Buaicphointí ó 2017**

Thug an Stát aitheantas foirmiúil d’eitneacht Lucht Siúil i ndiaidh d’eagraíochtaí Lucht Siúil blianta fada a chaitheamh i mbun feachtasaíochta, agus tacaíocht acu ón gCoimisiún.

I mí Feabhra, reáchtáil an Coimisiún imeacht idirnáisiúnta chun freagra na hÉireann ar an ngéarchéim dhomhanda dídeanaithe agus imirce a fhiosrú.

Tharraing an Coimisiún aird dhíreach ar choinníollacha glactha agus ar rochtain ar obair d’iarrthóirí tearmainn trína fheidhm mar *amicus curiae* (cara na cúirte) agus tuairisciú idirnáisiúnta.

Tugadh tacaíocht do 15 thionscadal nuálacha a dhírigh ar an idirchultúrachas trí scéim deontas 2017.

Leagadh béim théamach faoi leith ar imeachtaí idirchultúrtha i spás nua poiblí an Choimisiúin.

## Cosaint Idirnáisiúnta

### Athaontú Teaghlaigh

Tharraing an Coimisiún srianta an Rialtais ar theaghlaigh dídeanaithe in Éirinn atá incháilithe le haghaidh athaontú, agus na bagairtí ar leanaí imirceacha nach bhfuil duine fásta leo, anuas ag imeacht idirnáisiúnta dar teideal *"Ireland's Response to the Global Refugee and Migration Crisis: From International Protection to National Integration"*.

Ag an imeacht sin, scrúdaíodh an chaoi a gcuireann an Stát i bhfeidhm an tAcht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2017, agus a bhfuil d'aidhm leis cur chuige níos aontaí i leith iarratas ar thearmann a bhaint amach. Cé gur cuireadh fáilte roimh chur chuige a laghdódh moilleanna, tá an Coimisiún fós buartha faoi shrianta a scarann baill teaghlaigh, agus thug sé dúshlán an Stáit a chinntiú go gcuirtear na hacmhainní riachtanacha ar fáil chun tacú le himeascadh pobail.

Thug an Tánaiste spreagaitheasc ag an imeacht, agus chuir iar-Ambasadóir na hÉireann leis na Náisiúin Aontaithe, David Donoghue, a bhí ina chomhchathaoirleach ar Chruinniú Mullaigh cinniúnach na Náisiún Aontaithe ar Dhídeanaithe agus Imircigh in 2016, Ombudsman na Gréige do Leanaí, George Moschos, agus an Cathaoirleach ar Choiste na Náisiún Aontaithe um Idirdhealú Ciníoch a Dhíothú, Anastasia Crickley, go mór leis an imeacht freisin.

Ar Lá Domhanda na dTeifeach i mí an Mheithimh, dhearbhaigh an Coimisiún arís a éileamh go ndéanfaí a bheartais athaontaithe teaghlaigh a neartú agus a leathnú, chun bealaí sábháilte agus dleathacha a éascú do dhaoine muinteartha na bpobal dídeanaithe.

### Coinníollacha Glactha agus Rochtain ar an Margadh Saothair d'Iarrthóirí Tearmainn

Ó bunaíodh é in 2014, dhírigh an Coimisiún go seasmhach ar athchóiriú chóras an tsoláthair dhírigh, agus leas á bhaint as réimse dár gcumhachtaí reachtúla trínár n-obair dhlíthiúil, ár rannpháirtíocht sa chomhthéacs intíre, ár dtuairisciú do chomhlachtaí idirnáisiúnta agus ár n-obair chun tacú le daoine aonair agus le grúpaí.

Thug an Chúirt Uachtarach a rialú cinniúnach in NHV in 2017 faoi cheart iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta fostaíocht a lorg. Bhí ról suntasach ag an gCoimisiún mar *amicus curiae* (cara na cúirte) sa chás seo, inar rialaigh an Chúirt Uachtarach, sa chás nach bhfuil aon teorainn ama leis an bpróiseas tearmainn, go bhfuil an cosc iomlán ar fhostaíocht a lorg faoi Acht na nDídeanaithe, 1996, ag teacht salach ar an gceart bunreachtúil fostaíocht a lorg. I rialú deiridh na Cúirte Uachtaraí, thug an Chúirt aitheantas sonrach do ról an Choimisiúin leanúint leis an gcás.

Tarraingíodh aird freisin i dtuairisciú an Choimisiúin do chomhlachtaí conartha na Náisiún Aontaithe faoi CEDAW agus Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Céasadh ar shamplaí sonracha de thionchar chóras an tsoláthair dhírigh ar mhná sa soláthar díreach, saol an teaghlaigh, meabhairshláinte agus ar leanaí.

Léirigh Breathnuithe Deiridh an Choiste i gcoinne Céasadh bearnaí móra i gcomhlíonadh *Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Céasadh* in Éirinn; tharraing an Coimisiún aird air sin maidir le coinneáil a bhaineann le himirce chomh maith le diúltú do chead a thabhairt teacht i dtír.

## Eitneacht Lucht Siúil a Aithint

I ndiaidh blianta fada d'iarracht gan staonadh mhná agus fhir an Lucht Siúil a bhí ag lorg aitheantas Stáit d'eitneacht Lucht Siúil, an 1 Márta 2017 i Ráiteas don Dáil, d'aithin an Taoiseach, Enda Kenny TD, an Lucht Siúil go foirmiúil mar ghrúpa eitneach ar leith i náisiún na hÉireann.

Mar institiúid náisiúnta chearta an duine agus mar chomhlacht náisiúnta comhionannais na hÉireann, ní hamháin go bhfuil sainchúram reachtúil ag an gCoimisiún chun cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn, ach freisin




*David Donoghue (Ambasadóir, Comhéascaitheoir do Chruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe ar Dhídeanaithe agus Imircigh agus Dearbhú Nua-Eabhrac) ag labhairt ag Seimineár Cosanta Idirnáisiúnta IHREC, Feabhra 2017*



*Comhaltaí an Choimisiúin, agus an Tánaiste Frances FitzGerald TD ag Seimineár Cosanta Idirnáisiúnta IHREC, Feabhra 2017*



*Kany Kazadi (Mayo Intercultural Action) ag labhairt ag Seimineár Cosanta Idirnáisiúnta IHREC, Feabhra 2017*



*Ceoltóirí ag seinm ag imeacht chun Lá Idirnáisiúnta na Romach a cheiliúradh i spás poiblí an Choimisiúin*



*Rannpháirtithe ag aonach Lá Faisnéise d'Imircigh a tionóladh i spás poiblí an Choimisiúin*

chun cultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn. Is cuid lárnach dár ráiteas straitéise trí bliana é iolrachas agus glacadh le difríochtaí a chur chun cinn, agus táimid tiomanta do spreagadh cultúr measa ar shaoirse, ar dhínit agus ar thuiscint ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas in Éirinn.

Tá an Coimisiún ag lorg aitheantais d'eitneacht Lucht Siúil go leanúnach inár n-obair intíre agus inár dtuairisciú do chomhlachtaí idirnáisiúnta. Agus fáilte á chur roimh an aitheantas foirmiúil i mí an Mhárta 2017, dúirt an Coimisiún go gcaithfeadh tionchair ar an gcaoi a ndíríonn an Stát acmhainní ar bheartais a théann i bhfeidhm ar an Lucht Siúil eascairt as an aitheantas céanna sin. Mar shampla, rochtain ar oideachas, rochtain ar chóiríocht shábháilte atá oiriúnach dá gcultúr, agus rochtain ar chúram sláinte, i measc réimsí tosaíochta eile.

## Tacú le tionscnaimh ar an idirchultúrachas agus éagsúlacht

Ó osclaíodh an spás nua imeachtaí i mí Feabhra, d'fhéach an Coimisiún leis an spás a úsáid chun fáiltiú roimh imeachtaí a chuireann béim shuntasach ar an idirchultúrachas agus éagsúlacht in Éirinn, agus chun imeachtaí dá leithéid a reáchtáil.

Ina measc siúd, d'fháiltigh an Coimisiún in 2017 roimh imeachtaí suntasacha inár n-oifigí ar Shráid na Faiche:

- imeacht ceiliúrtha cultúrtha chun comóradh a dhéanamh ar Lá Idirnáisiúnta na Romach ag a raibh ceoltóirí, cóir agus filíocht Romach
- Aonach Faisnéise d'Imircigh a reáchtáil an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce agus Comhpháirtíocht na bPobal Nua agus a thug cuireadh d'imircigh nua bualadh in áit amháin le breis agus fiche eagraíocht agus grúpaí a chuireann seirbhísí agus tacaíocht ar fáil dóibh
- agus réimse imeachtaí eile i rith 2017 a dhírigh ar théama an idirchultúrachais agus na héagsúlachta, a d'eagraigh eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ina measc an Líonra Eorpach i gcoinne an Chiníochais, Wezesha, Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann, AkiDwA, Comhairle um Inimircigh na hÉireann, agus Comhairle Náisiúnta na nÓg.

### Grúpa stiúrtha chlár na Brataí Buí

Is scéim gradam do scoileanna é clár na Brataí Buí a ritheann Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann agus a chuireann struchtúr ocht gcéim ar fáil chun a chur ar chumas na scoileanna idirchultúrachas, comhionannas agus éagsúlacht a chur chun cinn i ngnáthreáchtáil na scoile. Lean foireann an Choimisiúin ar aghaidh in 2017 lena ról comhairleach ar an ngrúpa stiúrtha do chlár na Brataí Buí, ag forbairt a chuid oibre i réimsí stéiréitíopála, oideachais, forbairt acmhainní curaclaim agus oideachas múinteoirí.

### Scéim Deontas 2017 – Éagsúlacht agus Tuiscint Idirchultúrtha

Tá tuiscint ar an idirchultúrachas agus éagsúlacht, agus tacaíocht dóibh, a fhorbairt ina phríomhthosaíocht straitéiseach don Choimisiún. Faoin téama leathan seo, thacaigh an Coimisiún le tionscadail nuálacha trí scéim deontas 2017, a dhírigh go sonrach ar éagsúlacht agus tuiscint idirchultúrtha.

## Scéim Deontas 2017: (Éagsúlacht agus Tuiscint Idirchultúrtha)

| EAGRAÍOCHT | COMHPHÁIRTÍ | TIONSCADAL |
|---|---|---|
| Amharclann Hawk's Well, Sligeach | Féile Ealaíon Cairde, Sligeach | Comhoibriú idir Amharclann Hawk's Well agus Féile Ealaíon Cairde le Sligo Global Kitchen (tionscadal bia le daoine a chónaíonn i soláthar díreach) agus Sligo Cultural Exchange chun mol idirnáisiúnta a chruthú i mbaile Shligigh i rith Fhéile Ealaíon Cairde i mí Iúil 2018. Éascóidh an mol roinnt chultúrtha ceoil, damhsa agus filíochta, reáchtálfar ceardlanna idirghníomhacha agus úsáidfear mar shaoráid é do dhaoine a chónaíonn i soláthar díreach i Sligeach chun bia a chócaráil agus a roinnt. |
| Dolphin House Community Development Association | Canal Communities Against Racism | Tionscadal ag tacú le himeascadh tionóntaí nár rugadh in Éirinn in árasáin Bhaile Átha Cliath trí shraith imeachtaí foghlama le ceannairí pobail, gníomhaireachtaí reachtúla agus na rannpháirtithe ar fad in eastáit. Tá sé d'aidhm ag an tionscadal tionchar a imirt ar bheartas, bonn eolais a chur faoi chleachtas, agus tuiscint agus léirthuiscint a fhorbairt ar éagsúlacht chultúrtha idir óstphobail agus cónaitheoirí nua nach Éireannaigh iad. |
| Ollscoil Mhá Nuad | Wezesha Ltd. | Tionscadal chun cur le cumas Daoine de Bhunadh na hAfraice agus soláthraithe seirbhísí i mBaile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15 ina dtuiscint ar shaincheisteanna imirceach agus a dtaithí ar éagsúlacht, chun rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú agus rannpháirtíocht a mhéadú. |
| Comhairle Náisiúnta na nÓg | | Imeascadh a chur chun cinn san earnáil óige i measc pobail imirceach atá páirteach i ngrúpaí óige, trí cheannaireacht agus líonrú a sholáthar do cheannairí grúpaí óige eitneacha agus mionlaigh. |
| NASC – Ionad Tacaíochta Imirceach na hÉireann | An tIonad um Cheartas Coiriúil agus Cearta an Duine, UCC | 'Beyond McMahon', comhdháil do 100 rannpháirtí ar thodhchaí glacadh le hiarrthóirí tearmainn in Éirinn, a thionólfar go luath in 2018. Eagrófar máistir-rang do 20 mac léinn bunchéime agus iarchéime ina dhiaidh. |
| Amach! LGBT Galway | | Dírithe ar dhídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn LADT+, beidh comhdháil tosaigh ag an tionscadal seo a éascóidh Amach, agus leanfar leis sin le cruinnithe seachtainiúla piarthacaíochta, agus ceardlanna ealaíne difriúla. |
| Breffni Integrated CLG | An tAonad um Uilechuimsitheacht Shóisialta, Comhairle Contae an Chabháin | Líonra ilchultúrtha a bhunú i gContae an Chabháin, ag tabhairt grúpaí sa chontae le chéile a dhéanann ionadaíocht ar mhionlaigh eitneacha dhifriúla, chun cumas agus muinín a thógáil i measc pobal, a chumasóidh rannpháirtíocht níos mó. |
| Sport Against Racism Ireland (SARI) | | Sraith ceardlanna frith-idirdhealaithe agus oiliúna chun imeascadh sóisialta i dTamhlacht, Baile Átha Cliath 24 a chur chun cinn. Soláthrófar iad i dteannta seisiúin traenála peile do dhaltaí bunscoile idir deich agus 13 bliana d'aois. |
| Rape Crisis and Sexual Abuse Counselling Centre Sligo, Leitrim and West Cavan | Rape Crisis Network Ireland | Sraith ceardlann i gclár tacaíochta grúpa idirchultúrtha dóibh siúd ar bhain foréigean gnéasach dóibh, ag díriú ar mheascán de rannpháirtithe Éireannacha agus neamh-Éireannacha. |

| EAGRAÍOCHT | COMHPHÁIRTÍ | TIONSCADAL |
|---|---|---|
| Glencree Centre for Peace and Reconciliation | | Sraith tionscadail idirphlé le ceannairí creidimh agus pobail, chun eolas na rannpháirtithe ar reachtaíocht um chearta an duine agus comhionannas a mhéadú. |
| Banóglaigh na hÉireann | | Clár Bhanóglaigh na hÉireann a bhunú in ionad soláthair dhírigh Mosney. |
| Fettercairn Community Health Project | Tallaght Roma Integration | Comhdháil in 2018, ag tabhairt soláthraithe seirbhísí reachtúla agus deonacha le chéile chun iad a chur ar an eolas faoi riachtanais Phobal na Romach i dTamhlacht. |
| Ionad Pavee Point don Lucht Siúil agus na Romaigh | | Torthaí an Mheasúnaithe ar Riachtanais na Romach a rinne Pavee Point agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a scaipeadh in 2018, i ndiaidh sheoladh na tuarascála i mí na Nollag 2017. |
| Obair d'Ógra Éireann, Gaillimh | World Vision, Comhairle Náisiúnta na nÓg, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comhairle na nÓg i nGaillimh | Acmhainní agus clár oiliúna a chruthú d'oibrithe óige, ag forbairt a bhfeasachta agus ag tacú lena n-obair le dídeanaithe i ngrúpaí óige nó i suíomhanna oideachais i gceantar na Gaillimhe. |
| Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann | | Painéal oiliúnóirí idirchultúrtha a fhorbairt, trí chlár 'Oiliúint don Oiliúnóir', chun tacú le clár éagsúlachta na Brataí Buí i scoileanna. |

# RIALACHAS AGUS STRUCHTÚR

## SA CHUID SEO:


An Coimisiún ........ 52
Coistí ........ 53
Rialachas ........ 53
An fhoireann ........ 53
Maoiniú agus bainistíocht airgeadais ........ 54
Nochtadh cosanta ........ 54
An tAcht um Míchumas ........ 54
An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 ........ 55

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, a bunaíodh an 1 Samhain 2014 faoin *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014*.

Is é sainordú reachtúil an Choimisiúin cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn agus cultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a thógáil. Is é an Coimisiún Institiúid Náisiúnta na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhlacht Náisiúnta na hÉireann um an gComhionannas.

## An Coimisiún

Tá 15 chomhalta ag an gCoimisiún, agus Príomh-Choimisinéir an Choimisiúin ar dhuine díobh siúd (féach ar Aguisín 1). Ceapadh forálacha an Achta chun neamhspleáchas an Choimisiúin ina chuid oibre a chinntiú. Ceapann an tUachtarán Comhaltaí an Choimisiúin, i ndiaidh vóta in dhá Theach an Oireachtais.

Is comhlacht corpraithe é an Coimisiún. Tuairiscíonn sé go díreach don Oireachtas dá fheidhmeanna reachtúla agus cinneann na comhaltaí a bheartas agus a ghníomhaíochtaí go neamhspleách. Tugtar faoi chinnteoireacht ag leibhéal an Choimisiúin, nuair is féidir, ar bhonn an chomhaontaithe. Má tá éagsúlacht tuairimíochta ann faoi ábhar ar leith, féadfar vóta an tromlaigh a úsáid. Aithníodh neamhspleáchas an Choimisiúin, de réir Phrionsabail Pháras, lena chreidiúnú mar stádas "A" mar Institiúid Náisiúnta um Chearta an Duine leis na Náisiúin Aontaithe.

Reáchtálann an Coimisiún an líon cruinnithe a theastaíonn chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh, ach i ngach bliain, ní mór dó cruinniú amháin ar a laghad a reáchtáil i ngach ráithe. Bhí sé ghnáthchruinniú ag an gCoimisiún in 2017. Reáchtáladh cruinniú breise amháin, chun cinntí am-íogaire a thaifeadadh idir na gnáthchruinnithe iomlánacha a beartaíodh. Leagtar amach Sceideal de Fhreastal, Táillí agus Speansais 2017 in Aguisín 2. Foilsítear miontuairiscí chruinnithe an Choimisiúin ar a shuíomh gréasáin mar chuid dá Scéim Foilsithe um Shaoráil Faisnéise.

Caithfidh an Coimisiún, gach trí bliana, a ráiteas straitéise a chinneadh, lena n-áirítear na príomhchuspóirí agus na straitéisí lena mbaineann, úsáid acmhainní an Choimisiúin ina measc. Caithfear an ráiteas straitéise a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais gach trí bliana. Chomhaontaigh an Coimisiún *Ráiteas Straitéise 2016–2018* trí bliana agus údaraíonn sé an buiséad agus an plean oibre bliantúil. Déanann an Coimisiún cinntí straitéiseacha ar fheidhmeanna reachtúla, ráitis beartais an Choimisiúin agus úsáid a chumhachtaí dlíthiúla ina measc, seachas nuair a tharmligtear iad go sonrach.

Tarmligtear don Cheannasaí Dlí cumhacht an Choimisiúin cúnamh dlí agus cúnamh eile a sholáthar faoi Alt 40 den *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas*. Tarmligtear don Cheannasaí Dlí i gcomhairle leis an Stiúrthóir cumhachtaí an Choimisiúin faoi Alt 32 den Acht i leith athbhreithnithe comhionannais agus pleananna gníomhaíochta.

Tá an Stiúrthóir freagrach as bainistíocht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ó lá go lá. Feidhmíonn an Stiúrthóir mar idirghabhálaí díreach idir an Coimisiún agus an ardbhainistíocht. Leagtar amach ról agus freagrachtaí an Stiúrthóra in Ailt 20–23 den *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014*.

Caithfidh an Stiúrthóir agus an ardbhainistíocht cloí leis an treoir straitéiseach a leagann an Coimisiún amach. Caithfidh an Stiúrthóir eolas a thabhairt don Choimisiún faoi fheidhmíocht a f(h)eidhmeanna, lena n-áirítear eolas i leith na bhfeidhmeanna sin sa mhéid is go mbaineann siad le cúrsaí airgeadais an Choimisiúin, de réir mar a theastaíonn sé ón gCoimisiún. Ina theannta sin, caithfidh an Stiúrthóir a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Choimisiúin ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí, agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh go dtarlóidh siad.

## Coistí

Bhunaigh an Coimisiún Coistí chun cabhrú le rialachas agus le hobair an Choimisiúin i dtaca lena thosaíochtaí straitéiseacha a chur chun cinn. In 2017, ba iad sin:

- An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca
- An Coiste Airgeadais
- An Coiste Cásoibre
- An Coiste Beartais agus Reachtaíochta

Bhunaigh an Coimisiún dhá Choiste Chomhairleacha freisin, faoi Alt 18 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. In 2017, ba iad sin:

- An Coiste Comhairleach Taighde
- An Coiste Comhairleach d'Oibrithe agus d'Fhostóirí

Tugtar comhaltacht na gCoistí sin, agus freastal orthu i rith 2017, mar Aguisín 3. Tá comhaltaí seachtracha ar Choistí Comhairleacha Alt 18 agus tá an Coimisiún an-bhuíoch as an gcúnamh saineolach a fhaightear ó na comhaltaí sin i rith na bliana.

## Rialachas

Treoraítear creat foriomlán rialachais agus rialaithe an Choimisiúin leo seo a leanas:

- An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014;
- An Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit;
- Caighdeán Rialachas Corparáideach na Státseirbhíse, a chaithfidh an Coimisiún a chomhlíonadh i bhfianaise a mhaoinithe le Vóta Státchiste;
- An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995;
- An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 2001;
- moltaí Thuarascáil an Ghrúpa Oibre ar Chuntasacht Ard-Rúnaithe agus Oifigeach Cuntasaíochta (Tuarascáil Mullarkey);
- Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí, (2008).

Chomhaontaigh an Coimisiún Comhaontú Dearbhaithe maidir le Rialachas Corparáideach leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

## An Fhoireann

Cuireann an feidhmeannas, faoi stiúir an Stiúrthóra, straitéisí agus beartais an Choimisiúin i bhfeidhm. Is é an Coimisiún fostóir a fhoirne ar fad, ar státseirbhísigh i státseirbhís an Stáit iad.

Amhail an 31 Nollaig 2017, bhí 44 chomhalta foirne ag an gCoimisiún. Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna, pinsean agus riartha párolla ar fáil don Choimisiún. Úsáideann an Coimisiún ePMDS (Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta Fostaithe) chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar fhorbairt a fhoirne agus chun tacú leo. Éascaíonn Comhairle an Choimisiúin cumarsáid rialta ar chúrsaí tábhachtacha idir an lucht bainistíochta agus comharchumainn aitheanta na foirne.

| LÍON NA FOIRNE DE RÉIR GRÁID: 2017 | |
|---|---|
| Stiúrthóir | 1 |
| Príomhoifigeach | 1 |
| Príomhoifigeach Cúnta | 11 |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin/Oifigeach Forbartha | 11 |
| Oifigeach Feidhmiúcháin | 12 |
| Oifigeach Cléireachais | 8 |
| **Iomlán:** | **44** |

Tugtar sonraí na foirne ar fad a fostaíodh in 2017 in Aguisín 4.

Tá ceithre rannóg san fheidhmeannas:

- Dlí
- Beartas agus Taighde
- Rannpháirtíocht Straitéiseach
- Seirbhísí Corparáideacha

Cuimsíonn Ceannasaithe na rannóg sin, a thuairiscíonn don Stiúrthóir, an ardbhainistíocht.

| AN ARDBHAINISTÍOCHT AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2017 | |
|---|---|
| An Stiúrthóir | Laurence Bond |
| An Ceannasaí Dlí | Michael O'Neill |
| An Ceannasaí Beartais agus Taighde | folamh |
| An Ceannasaí Rannpháirtíochta | folamh |
| An Ceannasaí Seirbhísí Corparáideacha | Kevin De Barra |

Tugtar mionsonraí faoi shochair fostaithe an phríomhphearsanra bainistíochta agus tuarastal agus sochair an Stiúrthóra in Aguisín 5.

## Maoiniú agus bainistíocht airgeadais

Maoinítear an Coimisiún trí Vóta Oireachtais.

Is é an Stiúrthóir an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Choimisiúin, agus tá an fhreagrach sin ar leithligh ó fhreagrachtaí rialachais chomhaltaí an Choimisiúin.

Caithfidh an Coimisiún cuntas ar a chaiteachas agus fáltais a ullmhú gach bliain, ar a dtugtar an Cuntas Leithreasa. Caithfidh an tOifigeach Cuntasaíochta an Cuntas sin a shíniú. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as ullmhú an Chuntais agus é a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste dá iniúchadh. D'fhéadfaí iarraidh ar an Oifigeach Cuntasaíochta teacht os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí sa Dáil ansin chun fianaise a thabhairt faoin gCuntas.

Cuireadh Cuntas Leithreasa 2017 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh faoin spriocdháta reachtúil, an 1 Aibreán 2018. Áiríodh ann, mar a éilítear, ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta ar chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais an Choimisiúin.

Ba é €6.631m an soláthar meastacháin comhlán in 2017 le haghaidh Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Leithdháileadh €3.538m de ar chaiteachas a bhain le cúrsaí pá, agus €3.093m ar chaiteachas nár bhain le cúrsaí pá.

Ba é €5.314m an toradh caiteachais sealadach (roimh iniúchadh); bhain €2.254m le cúrsaí pá, agus €3.060m le caiteachas nár bhain le cúrsaí pá. Amhail deireadh na bliana, bhí barrachas €1.291m dlite le géilleadh don Státchiste.

Éilítear sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016 go ndéanfadh comhlachtaí roinnt nochtadh breise maidir le catagóirí áirithe caiteachais.

Leagtar amach iad sin in Aguisín 5.

Déanann Coiste Airgeadais an Choimisiúin maoirseacht a sholáthar i leith impleachtaí airgeadais ghníomhaíochtaí an Choimisiúin, lena n-áirítear pleanáil, buiséadú, athbhreithniú agus próisis faisnéise agus tuairiscithe.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca maoirsiú agus cinntíonn sé dea-chleachtas maidir le tuairisciú gnó agus airgeadais agus rialú inmheánach.

Le haghaidh 2017, seachfhoinsíodh an t-aonad iniúchta inmheánaigh go Mazars Ireland.

## Nochtadh cosanta

Mar chomhlacht poiblí, éilítear ar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir le líon na nochtaí cosanta a rinneadh leis an bhliain roimhe sin, agus an gníomh a rinneadh mar fhreagra ar aon nochtadh cosanta dá leithéid. Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta leis an gCoimisiún sa tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2017.

## An tAcht um Míchumas, 2005

